



An tSeirbhís Chúirteanna  
Courts Service

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS  
OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS  
2015





Oifig Chuntasóir  
na gCúirteanna Breithiúnais

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch  
an 30 Meán Fómhair 2015

# OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

## TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

---

### CLÁR ÁBHAR

### LEATHANACH

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE	2 - 3
FAISNÉIS CHÚLRA	4
RÉAMHRÁ Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA	5 - 6
AN COISTE INFHEISTÍOCHTA	7
TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS	8 - 18
RÓL OIFIG NA gCOIMIRCI THE CÚIRTE	19
TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA	20 - 22
RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA	23
TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA	24
RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS	25
RÁITEAS FAOI OIBRÍOCHTAÍ	26
RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ	27
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	28 - 40
FAISNÉIS BHREISE	41
CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE	42 - 44
CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA	45 - 47
CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE	48 - 50

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE

---

**AN COISTE INFHEISTÍOCHTA** An Breitheamh Nicholas Kearns, Uachtarán na hArd-Chúirte  
An Breitheamh Martin Nolan, an Chúirt Chuarda  
(a ceapadh an 23 Aibreán 2015)  
An Breitheamh Leonie Reynolds, an Chúirt Chuarda  
(a d'éirigh as an 23 Aibreán 2015)  
An Breitheamh Anthony Halpin, an Chúirt Dúiche  
Sean Quigley, Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus  
Ceann Bainistíocht Acmhainní  
Denise Mullins, Ceann na gCistí Cúirte, an tSeirbhís Chúirteanna  
James Finn, Cláraitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte  
John Mahon, Príomhoifigeach, an tSeirbhís Chúirteanna  
Fintan Murphy, Cláraitheoir Contae, Maigh Eo  
Tom Ward, Príomhchléireach, Cúirteanna Cuarda agus Dúiche Bhaile  
Átha Cliath  
Eugene O'Callaghan, Comhalta Neamhspleách, Gníomhaireacht  
Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
Paul Farrell, Comhalta Neamhspleách

**OIFIG CHLÁRAITHE** Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais  
Teach an Fhionnuisce  
15 - 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh  
Margadh na Feirme  
Baile Átha Cliath 7  
Éire.

**BAINISTEOIR INFHEISTÍOCHTA** State Street Global Advisors Ireland Limited  
Plás Dhá Pháirc  
Sráid Haiste Uachtarach  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

**IONTAOBHAÍ** Ón 7 Bealtaine 2015  
Northern Trust Fiduciary Services (Ireland) Limited  
Cúirt Sheoirse  
54-62 Sráid Chnoc na Lobhar  
Baile Átha Cliath 2  
Éire

Go dtí an 6 Bealtaine 2015  
State Street Custodial Services (Ireland) Limited  
78 Cé Sir John Rogerson  
Baile Átha Cliath 2  
Éire

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE (AR LEAN)

---

#### RIARTHÓIR, CLÁRAITHEOIR agus GNÍOMHAIRE AISTRITHE

Ón 7 Bealtaine 2015  
Northern Trust International Fund Administration  
Services (Ireland) Limited  
Cúirt Sheoirse  
54 - 62 Sráid Chnoc na Lobhar  
Baile Átha Cliath 2  
Éire

Go dtí an 6 Bealtaine 2015  
State Street Fund Services (Ireland) Limited  
78 Cé Sir John Rogerson  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

#### COMHAIRLEOIR INFHEISTÍOCHTA

Aon Hewitt  
Global Investment Practice  
Bloc D  
Cúirt Uíbh Eachach  
Bóthar Fhearchair  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

#### COMHAIRLEOIRÍ DLÍ

Matheson  
70 Cé Sir John Rogerson  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

McCann Fitzgerald  
Riverside One  
Cé Sir John Rogerson  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

#### INIÚCHÓIRÍ

Grant Thornton  
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe  
24-26 Cé na Cathrach  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### FAISNÉIS CHÚLRA

---

#### Na Cúirteanna agus Cistí Cúirte

Tá ról cosantach ag na Cúirteanna maidir le cistí a thaisctear sa chúirt de bhun Orduithe Cúirte nó de réir ceanglais reachtaíochta. Is í seo a leanas an reachtaíocht agus an fho-reachtaíocht phríomhúil lena rialaítear fáil, bainistiú agus infheistiú na gcistí arna rialú ag na cúirteanna:

- An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958, agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) arna ndéanamh faoi
- Rialacha na nUaschúirteanna
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhchatagóirí cistí atá i seilbh na gCúirteanna:

- (a) Coimircithe Cúirte: déantar cistí na ndaoine arna dtógáil faoi Choimircíocht a thaisceadh sa Chúirt.
- (b) Mionaoisigh: déanfar na dámhachtainí airgeadais arna mbronnadh ag na Cúirteanna ar dhaoine faoi ocht mbliana déag d'aois a thaisceadh sa Chúirt go dtí go mbainfidh siad lán-aois. I gcás ina meastar go bhfuil gá le cúram fadtéarmach, is féidir Coimircí Cúirte a dhéanamh de mhionaoiseach.
- (c) Taisc arna ndéanamh ag Páirtithe le hlmeachtaí Cúirte: féadfaidh duine atá páirteach in imeachtaí cúirte sibhialta airgead a thaisceadh sa chúirt d'fhonn éileamh duine eile atá páirteach sna himeachtaí a shásamh.

Áirítear iad seo a leanas le cistí eile atá i seilbh na Cúirte:

- Cistí arna dtaisceadh ag Ceardchumainn, ag Cuideachtaí Árachais agus ag Ceantálaithe
- Ábhair a bhaineann le hiontaobhaithe (fáltais na n-iontaobhas arna dtaisceadh sa chúirt)
- Díbhinn neamhéilithe i leachtuithe cuideachtaí
- Taisc faoin Land Clauses Act, 1845
- Cistí arna dtaisceadh ag an mBord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe
- An Ciste Cúitimh Árachais

#### Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Rinneadh Oifig an Chuntasóra agus post Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (an "Cuntasóir") a bhunú faoin Acht Oifigigh Cúirte, 1926, go gairid tar éis bhunú an Stáit. Sonraítear san Acht go gcomhlíonfaidh an Cuntasóir cibé feidhmeanna a thabharfar nó a shannfar le reacht nó le riail na cúirte dó/dí, agus, go háirithe, go gcomhlíonfaidh sé/sí, i ndáil leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach agus an Príomh-Bhreitheamh, gach dualgas agus gach feidhm den sórt sin ar chomhlíon Ard-Chuntasóir na Cúirte Uachtaraí Údarais in Éirinn iad roimhe sin i ndáil leis an gCúirt sin agus i ndáil le hArd-Seansailéir na hÉireann. Tá an Cuntasóir freagrach faoi láthair as bainistiú agus infheistiú a dhéanamh ar chistí arb ionann iad agus €1.534 billiún (2014: €1.473 billiún).

Is iad atá sna cistí atá faoi bhainistíocht an Chuntasóra ná cistí a choinnítear faoi rialú na gCúirteanna agus a bhainistítear i gcáil mhuiníneach thar ceann tairbhíthe, lena n-áirítear catagóirí éagsúla dlíthithe, daoine ar Coimircithe Cúirte iad agus Mionaoisigh ar bhronn na Cúirteanna damáistí orthu. Ceanglaítear leis an dlí go ndéanfar cistí atá faoi rialú na gCúirteanna a infheistiú de réir an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958, na n-orduithe arna ndéanamh faoin Acht sin agus rialacha na cúirte.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### RÉAMHRÁ Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA

---

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais a chur i láthair i ndáil leis an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015.

Bliain dhúshlánach eile a bhí sa bhliain seo do bhainistíocht na gCistí Cúirte. Ba go €1.534 billiún (2014: €1.473 billiún) a d'fhás infheistíochtaí iomlána faoi bhainistíocht Oifig an Chuntasóra ag deireadh na bliana, rud arbh ionann é agus méadú €60.8 milliún nó 4% ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Tá an ghluaiseacht sin inchurtha i leith feidhmíocht dhearfach infheistíochta arbh fhiú €18.8 milliún í agus i leith glanmhéadú €42 milliún in idirbhearta caipitil (i.e. an barrachas idir fáltais agus eisíocaíochtaí).

Mar gheall ar a dhúshlánaí a bhíonn sé punann cistí chomh mór sin a bhainistiú thar ceann 19,500 tairbhí, ar Coimircithe Cúirte in 2,700 duine díobh agus ar Mionaoisigh i 14,800 duine díobh, is léir gur gá dúinn monatóireacht agus bainistíocht chúramach ar an ábhar seo.

I measc na mórdhúshlán a ndeachaigh an Coiste Infheistíochta i ngleic leo sa bhliain reatha, bhí na rátaí ísle úis – rátaí nach raibh chomh híseal sin riamh – ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE); an luaineacht i margaí cothromais, a cuireadh go páirteach i leith an fháis níos moille atá ag teacht ar gheilleagar na Síne; agus an titim i luach an euro i gcomparáid le Dollar na Stát Aontaithe. Cuireadh gníomhartha chun feidhme chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Tá an timpeallacht reatha fós an-dúshlánach do dhaoine a bhíonn ag infheistiú i gcistí airgid thirim nó leachtachta ar ardchaighdeán. Le linn na bliana dar críoch Mheán Fómhair 2015, ba bheagáinín diúltach a bhí an toradh ar airgead tirim i gcásanna áirithe. Treocht dhomhanda atá le feiceáil ar fud an tionscail is ea sin agus, dá bhrí sin, ní bhaineann sí le hinfeistíocht Cistí Cúirte amháin. Sa chomhthéacs sin, bíonn sé ag éirí níos deacra i gcónaí “caomhnú caipitil” a ráthú, fiú amháin i gcás na straitéisí is lú riosca. Tá cuid mhór tráchtairí margaidh den tuairim gurb íseal go fóill a bheidh fás agus boilsciú araon thar an meántearma mar gheall ar na dúshláin bhunúsacha gheilleagracha atá roimh an limistéar euro. Mar sin, beidh Clár BCE ar siúl ar feadh bliain amháin eile ar a laghad.

D'fhonn maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ann ar thairbhíthe, chuaigh an tSeirbhís Chúirteanna i mbun idirbheartaíochta le SSGA, an bainisteoir infheistíochta do na Cistí Cúirte, chun tarscaoileadh páirteach táillí a chomhaontú. D'fhág sé sin go dtarscaoilfeadh SSGA cuid dá tháillí ar an gCiste Airgid Thirim ar mhaithe le tionchar na rátaí diúltacha úis a chealú. Mar thoradh ar na rátaí diúltacha úis ó BCE freisin, cheadaigh an Coiste Infheistíochta athruithe ar an bprótacal infheistíochta le linn na bliana. Mar sin, rinneadh gach cineál cáis a raibh tréimhse infheistíochta os cionn 3 mhí ag gabháil leo a aistriú chuig Ciste Euribor Plus. Tríd is tríd, is ciste airgid thirim é an ciste sin. Cé go bhfuil acmhainneacht ag an gciste olltorthaí a bhaint amach atá níos airde ná olltorthaí an Chiste Airgid Thirim, baineann luaineacht beagáinín níos airde leis freisin. Chomh maith leis sin, thug an Coiste straitéis Sprioc-Luaineachta isteach le linn na bliana faoi athbhreithniú d'fhonn cabhrú le riosca a mhaolú le linn tréimhsí ardluaineachta i margaí cothromais. I mí na Samhna 2015, cheadaigh an Coiste fálú airgeadra ar an gCiste Fáis Speictrim freisin.

Cé go mbeidh díomá ar na tairbhíthe sin a bhfuil a n-airgead infheistithe sna cistí is ísle riosca mar gheall ar na torthaí a bhíonn á mbaint amach ag an gCiste Airgid Thirim agus ag Ciste Euribor Plus, ní chreidimid go mbeadh sé stuama ná cuí an t-airgead sin a aistriú chuig ceann ar bith de na straitéisí eile infheistíochta a mbíonn torthaí níos airde á mbaint amach acu, ach amháin sa chás go bhfuil an tréimhse infheistíochta sách fada agus go bhfuil sí ag teacht le próifíl na straitéise.

I gcomhar lena chomhairleoirí neamhspleácha infheistíochta, leanann an Coiste ar aghaidh le monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar an staid sin agus déanfaidh sé tuilleadh gnímh nuair is cuí. Is é an phríomhthosaíocht ó thaobh infheistíochtaí airgid thirim de a chinntiú, a mhéid is féidir, go ndéantar an tsuim chaipitil arna bronnadh ag an gcúirt a chosaint agus leanfaimid ar aghaidh lenár gcuid oibre chun an méid sin a áirithiú. Ní féidir é sin a ráthú, áfach, sa timpeallacht atá ann faoi láthair inarb ann do rátaí úis atá diúltach. Mar aon le caipiteal a chaomhnú, is rud tábhachtach í leachtacht freisin. Mar sin féin, tá an praghas atá le híoc as slándáil chaipitil agus as leachtacht níos fearr le feiceáil sa toradh íseal a tuilleadh ar an gCiste Airgid Thirim agus ar chistí eile a ualaítear de réir airgead tirim sa bhliain faoi athbhreithniú.




## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### RÉAMHRÁ Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA

---

Tháinig an Coiste Infheistíochta le chéile cúig huaire le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. I gcomhar lenár gcomhairleoirí infheistíochta, rinne an Coiste monatóireacht ar fheidhmíocht infheistíochta, ar chomhlíonadh straitéisí infheistíochta agus ar oiriúnacht leanúnach na straitéisí infheistíochta. Leanann an Coiste ar aghaidh le deiseanna a lorg chun luach a mhéadú agus chun a chinntiú go dtugtar faoin gcur chuige infheistíochta ar mhaithe le leasanna na dtairbhíthe i gcónaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCoiste Infheistíochta as a n-obair chrua agus as a ndíograis le linn na bliana.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair den scoth a rinne foireann Oifig an Chuntasóra le linn na bliana freisin.



**Nicholas J. Kearns**  
Uachtarán na hArd-Chúirte  
Cathaoirleach an Choiste Infheistíochta

**14 Nollaig 2015**

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### AN COISTE INFHEISTÍOCHTA

---

Is éard atá sa Choiste Infheistíochta comhaltaí de na Breithiúna, Cláraitheoir Contae, Oifigigh Chúirte, Feidhmeannaigh na Seirbhíse Cúirteanna agus comhaltaí neamhspleácha seachtracha. Tá an Coiste faoi chathaoirleacht Uachtarán na hArd-Chúirte. Is comhairleach an ról atá aige agus is é an phríomhfheidhm atá aige beartas infheistíochta a cheapadh do chistí Cúirte, maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí a fhaigheann sé óna chuid comhairleoirí infheistíochta agus comhlíonadh an dea-chleachtais a áirithiú nuair a bhíonn cistí Cúirte á mbainistiú.

Tagann an Coiste le chéile ar bhonn rialta agus tháinig sé le chéile cúig huaire le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste amhail an 30 Meán Fómhair 2015:

An Breitheamh Nicholas Kearns, Uachtarán na hArd-Chúirte, Cathaoirleach  
An Breitheamh Martin Nolan, an Chúirt Chuarda (a ceapadh an 23 Aibreán 2015)  
An Breitheamh Leonie Reynolds, an Chúirt Chuarda (a d'éirigh as an 23 Aibreán 2015)  
An Breitheamh Anthony Halpin, an Chúirt Dúiche  
Sean Quigley, Ceann Bainistíocht Acmhainní agus Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais  
Denise Mullins, Ceann na gCistí Cúirte, an tSeirbhís Chúirteanna  
James Finn, an Cláraitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte  
Fintan Murphy, Cláraitheoir Contae, Maigh Eo  
John Mahon, Príomhoifigeach, an tSeirbhís Chúirteanna  
Tom Ward, Príomhchléireach, Cúirteanna Cuarda agus Dúiche Bhaile Átha Cliath  
Eugene O'Callaghan, Comhalta Neamhspleách, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
Paul Farrell, Comhalta Neamhspleách

Rinne Deborah Reidy Uas., Aon Hewitt, arb í an Comhairleoir Infheistíochta maidir le hinfheistiú Cistí Cúirte, freastal ar gach cruinniú de chuid an Choiste Infheistíochta le linn na tréimhse faoi athbhreithniú.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Tá freagracht ar an tSeirbhís Chúirteanna, de réir an Achta um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, as na Cúirteanna a bhainistiú agus a riar agus as seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do bhreithiúna. Is sa chái sin atá ról ag an tSeirbhís Chúirteanna i mbainistiú agus in infheistiú a dhéanamh ar chistí cúirte atá i seilbh ar iontaobhas ag na Cúirteanna. Déantar na cistí sin a infheistiú ar aon dul le forálacha an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958, agus orduithe ina dhiaidh sin.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, ba é luach iomlán na gcistí faoi bhainistíocht ag Oifig an Chuntasóra ná €1.534 billiún (€1.473 billiún amhail an 30 Meán Fómhair 2014). Déantar an méid sin a anailísiú tuilleadh idir na trí dhlínse i dTábla 1 thíos. Tá an méadú €61 milliún nó 4.1% i luach iomlán na gcistí inchurtha i leith glanmhéadú €18.8 milliún i bhfeidhmíocht infheistíochta don bhliain (€62.7 milliún: 2014) agus i leith glanmhéadú €41.9 milliún i nglanaistrithe caipitil (€116.6 milliún: 2014) (i.e. an glanbharrachas idir fáiltais agus eisíocaíochtaí).

**Tábla 1: Glansócmhainní Iomlána faoi bhainistíocht de réir Dlíne amhail an 30 Meán Fómhair 2015**

<i>Dlíne</i>	<i>Glansócmhainní € ag an 30/09/2014</i>	<i>%</i>	<i>Glansócmhainní € ag an 30/09/2015</i>	<i>%</i>	<i>Méadú i nGlansócmhainní mar %</i>
<i>An Ard-Chúirt</i>	1,340,569,155	91.02%	1,390,397,552	90.66%	+3.7%
<i>An Chúirt Chuarda</i>	127,734,346	8.67%	134,616,440	8.78%	+5.4%
<i>An Chúirt Dúiche</i>	4,604,242	0.31%	8,677,356	0.56%	+88.4%
<i>Iomlán</i>	<b>€1,472,907,743</b>	<b>100%</b>	<b>€1,533,691,348</b>	<b>100%</b>	<b>+4.1%</b>

Tháinig méadú ar luaineacht i margaí cothromais sa dara leath den bhliain airgeadais. Dá bharr sin, cealaíodh roinnt de na gnóthachain a baineadh amach sa chéad leath den bhliain. Chuaigh an luaineacht sin i bhfeidhm ar fheidhmíocht an Chiste Fáis agus, go pointe ní ba lú, ar fheidhmíocht an Chiste Comhroghanna Éagsúlaithe. Mar gheall ar bheartas airgeadaíochta BCE, is iad rátaí úis atá níos ísle ná riamh, agus atá diúltach i gcásanna áirithe, na rátaí úis atá i réim le blianta beaga anuas. Tríd is tríd, chuaigh na rátaí diúltacha úis sin i bhfeidhm ar na torthaí a gineadh ar Chistí Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha. Tar éis táillí bainistíochta a asbhaint, ba bheagáinín diúltach a bhí na torthaí ar an gCiste Airgid Thirim agus ar Chiste Euribor Plus don bhliain. Beag beann ar an mbliain dhúshlánach a bhí ann, ba shásúil a bhí an fheidhmíocht fhoriomlán infheistíochta, agus méadú €18.8 milliún ann i sócmhainní mar thoradh ar fheidhmíocht infheistíochta don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015. Mar a léirítear i dTábla 7, bhí feidhmíocht infheistíochta na straitéisí infheistíochta uile os cionn a dtagarmhairc faoi seach. Maidir leis sin, b'amlaidh gur éirigh le cur chuige an Choiste Infheistíochta, a chinntigh go bhfanadh feidhmíocht na gcistí bunaithe ar airgead tirim dearfach ar feadh tréimhse ní b'fhaide ná mar a tharlódh ar shlí eile. Bhí leibhéal méadaithe luaineachta i réim i margaí airgeadais sa tríú agus sa cheathrú ráithe den bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2015, de réir mar a bhí margaí cothromais ag dul i laige. Bhí an méid sin á bhrú chun cinn ar dtús ag ábhair imní faoin limistéar euro mar gheall ar na fadhbanna sa Ghréig agus ansin ag ábhair imní faoi gheilleagar na Síne.

Cé gur riosca í luaineacht i margaí airgeadais go fóill, lean an Coiste Infheistíochta ar aghaidh le cur chuige réamhghníomhach agus stuama a ghlacadh i leith cistí cúirte a infheistiú. Ar mholadh Aon Hewitt, ár gcomhairleoir infheistíochta, thug an Coiste Infheistíochta cead le linn na bliana do straitéis um Thruicear Sprioc-Luaineachta a thabhairt isteach don Chiste Éagsúlaithe agus don Chiste Fáis. Tháinig an straitéis sin i bhfeidhm an 28 Aibreán 2015. Cuireadh fálú airgeadra chun feidhme don Chiste Fáis, le héifeacht ón 4 Samhain 2015.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEAN)

Is é an aidhm atá leis an straitéis um Thruicear Sprioc-Luaineachta ná an leithdháileadh go cothromas a choigeartú nuair a bhíonn strus sa mhargadh agus méid eile cosanta a thabhairt do thairbhíthe, á chinntiú ag an am céanna go mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as gnóthachain ó chothromas. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, spreagadh an Thruicear Sprioc-Luaineachta ar dhá ócáid, uair amháin i mí na Bealtaine agus uair amháin i mí Lúnasa 2015. Bhí neamhchosaint laghdaithe ann ar chothromas dá bharr sin. Is in airgead tirim a infheisteofar na fáltais ó chothromas a dhíol go dtí go dtiocfaidh feabhas ar na margáí. Mar sin, laghdaíodh an sealúchas cothromais sa Chiste Éagsúlaithe ón sprioc-leithdháileadh cothromais 22.5% go 12% agus laghdaíodh an sealúchas cothromais sa Chiste Fáis ón sprioc-leithdháileadh cothromais 55% go 29% amhail an 30 Meán Fómhair 2015. Ba i gCiste Euribor Plus a infheistíodh an t-airgead tirim a gnóthaíodh ón bpróiseas um riosca a laghdú. Mar sin, méadaíodh an sprioc-leithdháileadh Airgid Thirim don Chiste Éagsúlaithe ó 50% go 60% agus méadaíodh an sprioc-leithdháileadh Airgid Thirim don Chiste Fáis ó 0% go 26%. Léirítear i dTábla 2 na leithdháiltí tagarmhairc a bhí ann sular cuireadh na hidirghabhálacha faoin straitéis um Thruicear Sprioc-Luaineachta dár tagraíodh thuas i bhfeidhm.

**Tábla 2: Sprioc-Chomhdhéanamh na Straitéisí Infheistíochta ón 1 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 30 Meán Fómhair 2015**


<i>Ciste Speictrim SSGA</i>	<i>Ciste Airgid Thirim</i>	<i>Ciste Euribor Plus</i>	<i>Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthé-armacha</i>	<i>Ciste Cothromaíthe Measartha</i>	<i>Ciste Éagsúlaithe</i>	<i>Ciste Fáis</i>
<i>Ciste Airgid Thirim GRU SSGA</i>	100%					
<i>Ciste Euribor Plus GRU SSGA</i>		100%	70%	70%	50%	
<i>Ciste Innéacs Bannaí GRU SSGA</i>			30%	23%	27.5%	15%
<i>Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Euro GRU SSGA agus Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSGA</i>				7%	22.5%	55%
<i>Straitéis Comhroghanna Éagsúlaithe SSGA</i>						15%
<i>Ciste Innéacs Bannaí Corparáideacha Comhiomlána Euro SSGA</i>						15%
<b>Iomlán</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEAN)

Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí ní ba mhó ná €1.444 billiún, nó 94%, de na cistí iomlána faoi bhainistíocht ag Oifig an Chuntasóra infheistithe i Straitéisí Infheistíochta SSGA. Léirítear anailís ar na cistí sin de réir straitéise i dTábla 3 thíos. Is féidir an tsuim iomlán a bhí infheistithe sna cistí aonadaithe a anailísiú tuilleadh idir an Ard-Chúirt (€1.306 billiún), na Cúirteanna Cuarda (€130 milliún) agus na Cúirteanna Dúiche (€8 milliún).

**Tábla 3: Leithdháileadh Céatadánach na gCistí Cúirte ar gach Straitéis Infheistíochta SSGA amhail an 30 Meán Fómhair 2015**




Leanann an Coiste Infheistíochta ar aghaidh le cur chuige réamhghníomhach agus stuama a ghlacadh i leith beartas infheistíochta a leagan síos do na cistí sin. D'éirigh go maith leis an gcur chuige sin sa 12 bhliain seo a chuaigh thart. Gineadh torthaí an-mhaith le linn na tréimhse sin agus tugadh cosaint do chistí cúirte ar an tionchar ba mheasa a bhain leis an ngéarchéim chreidmheasa sa bhliain 2008 ag an am céanna. Is é an cur chuige infheistíochta atá ann ná go ndéantar gach ciste a infheistiú sna straitéisí cuí, nithe a infheistítear ina dhiaidh sin sna bunsócmhainní a aithnítear i dTábla 2.

Is i sócmhainní atá bunaithe ar airgead tirim, i bhfiachas gearrthéarmach agus i mbannaí a choinnítear cuid shuntasach, is é sin, 74%, de na cistí atá infheistithe i straitéisí infheistíochta SSGA. Tá 26% díobh neamhchosanta ar chothromas, ar bhannaí corparáideacha agus ar chomhroghanna éagsúlaithe. Mar a léiríodh thuas, laghdaíodh an neamhchosaint ar chothromas go mór le linn na bliana mar gheall ar an straitéis um Thruicear Sprioc-Luaineachta. Déantar anailís mhionsonraithe i dTábla 4 ar na haicmí bunsócmhainní ina bhfuil cistí SSGA infheistithe.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEAN)

Tábla 4: Leithdháileadh Aicmí Bunsócmhainní SSGA na gCistí Cúirte amhail an 30 Meán Fómhair 2015



Mar thoradh ar na rátaí ísle úis – nach raibh chomh híseal sin riamh – atá á socrú ag BCE le blianta beaga anuas, bíonn sé ag éirí níos deacra i gcónaí aon toradh a bhaint amach ar airgead tirim. De bharr bheartas airgeadaíochta BCE le blianta beaga anuas, tá rátaí diúltacha úis i réim d'fhormhór na n-infheistíochtaí gearrthéarmacha airgid thirim ar ardchaighdeán. Agus iarracht eile á déanamh aige an geilleagar a spreagadh, d'fhógair BCE, le linn na chéad ráithe de 2015, go dtosódh sé ag ceannach bannaí Eorpacha ag ráta €60bn in aghaidh na míosa go mí Mheán Fómhair 2016. Ceann de na cineálacha tionchair a bheidh ag an gclár sin – a mhéadóidh go mór an méid airgid a bheidh i gcúrsaíocht – ná gur dóigh go bhfanfaidh rátaí úis mar atá go ceann i bhfad. D'fhéadfadh BCE iad a laghdú tuilleadh freisin.

Sa chomhthéacs sin, bíonn sé ag éirí níos deacra i gcónaí “caomhnú caipitil” a ráthú, fiú amháin i gcás na straitéisí is lú riosca. Tá cuid mhór tráchtairí margaidh den tuairim gurb íseal go fóill a bheidh fás agus boilsciú araon thar an meántearma mar gheall ar na dúshláin gheilleagracha atá roimh an limistéar euro. Mar sin, beidh Clár BCE ar siúl go spriocdháta na bliana seo chugainn ar a laghad.

D'fhonn maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ann ar thairbhíthe, chuaigh an tSeirbhís Chúirteanna i mbun idirbheartaíochta le SSGA, an bainisteoir infheistíochta do na Cistí Cúirte, chun tarscaoileadh páirteach táillí a chomhaontú. D'fhág sé sin go dtarscaoilfeadh SSGA cuid dá tháillí ar an gCiste Airgid Thirim ar mhaithe le toradh diúltach a chosc. Beag beann ar an tarscaoileadh táillí bainistíochta atá i bhfeidhm ina leith, áfach, bíonn torthaí beagáinín diúltach á bhfáil ag an gCiste Airgid Thirim anois. Mar thoradh ar na torthaí diúltacha a bhí á bhfáil ar an gCiste Airgid Thirim, cheadaigh an Coiste Infheistíochta athruithe ar an bprótacal infheistíochta sa bhliain 2015. Mar sin, rinneadh gach cineál cáis a raibh tréimhse infheistíochta os cionn 3 mhí ag gabháil leo a aistriú chuig Ciste Euribor Plus. Tríd is tríd, is ciste airgid thirim é an ciste sin. Cé go bhfuil acmhainneacht ag an gciste olltorthaí a bhaint amach atá níos airde ná olltorthaí an Chiste Airgid Thirim, baineann luaineacht beagáinín níos airde leis freisin.

Cé go mbeidh díomá ar na tairbhíthe sin a bhfuil a n-airgead infheistithe sna cistí is ísle riosca mar gheall ar na torthaí a bhíonn á mbaint amach ag an gCiste Airgid Thirim agus ag Ciste Euribor Plus, ní chreidimid go mbeadh sé stuama ná cuí an t-airgead sin a aistriú chuig ceann ar bith de na straitéisí eile infheistíochta a mbíonn torthaí níos airde á mbaint amach acu, ach amháin sa chás go bhfuil an tréimhse infheistíochta sách fada agus go bhfuil sí ag teacht le próifíl na straitéise. Léirítear i dTábla 5 an prótacal athbheithnithe infheistíochta ó mhí an Mhárta 2015 maidir le hinfeistíocht cistí Mionaoiseach.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEAN)

Tábla 5: An Prótacal Infheistíochta maidir le hInfheistíocht Cistí Mionaoiseach amhail an 30 Meán Fómhair 2015

<b>Straitéis</b>	<b>An Tréimhse a bhFuil Cistí Mionaoiseach á gCoinneáil sa Chúirt ar a Feadh</b>
<i>Ciste Airgid Thirim</i>	Níos lú ná 3 mhí (17¾ bliain d'aois nó níos mó)
<i>Ciste Euribor Plus</i>	Idir 3 mhí agus 3 bliana (15 bliana d'aois nó níos mó ach níos lú ná 17¾ bliain d'aois)
<i>Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha</i>	Idir 3 bliana agus 5 bliana (13 bliana d'aois nó níos mó ach níos lú ná 15 bliana d'aois)
<i>Ciste Cothromaithe Measartha</i>	Idir 5 bliana agus 8 mbliana (10 mbliana d'aois nó níos mó ach níos lú ná 13 bliana d'aois)
<i>Ciste Éagsúlaithe</i>	Níos mó ná 8 mbliana (faoi bhun 10 mbliana d'aois)

Mar gheall ar bheartas airgeadaíochta BCE, as a mbíonn rátaí an-íseal úis agus, i gcásanna áirithe, rátaí diúltacha úis ag teacht – rátaí ar dóigh dóibh leanúint ar aghaidh go ceann i bhfad – cinneadh méid suntasach cistí a aistriú ón gCiste Airgid Thirim chuig Ciste Euribor Plus. Mar gheall ar an dóchúlacht go gcuirfeadh an Ciste Airgid Thirim torthaí diúltacha ar fáil, measadh gur chur chuige stuama é sin i leith rátaí diúltacha úis na dtairbhíthe a chosaint a mhéid ab fhéidir. Bíonn an seasamh sin á athbhreithniú ar bhonn leanúnach de réir mar a thagann athrú ar an timpeallacht margaidh. Tá an timpeallacht reatha fós an-dúshlánach do dhaoine a bhíonn ag infheistiú i gcistí airgid thirim nó leachtachta ar ardchaighdeán. Le linn na bliana dar críoch Mheán Fómhair 2015, ba bheagáinín diúltach a bhí torthaí áirithe. Treocht dhomhanda atá le feiceáil ar fud an tionscail is ea sin agus, dá bhrí sin, ní bhaineann sí le hinfheistíocht Cistí Cúirte amháin. Sa chomhthéacs sin, bíonn sé ag éirí níos deacra i gcónaí “caomhnú caipitil” a ráthú, fiú amháin i gcás na straitéisí is lú riosca.

Mar gheall ar an raon saincheisteanna is gá a bhreithniú agus an cinneadh infheistíochta á dhéanamh, glactar leis go mbíonn sé níos casta airgead ó chásanna Coimircíochta a infheistiú. Cé go mbíonn sé cuí i gcásanna áirithe Coimircíochta straitéis a ghlacadh ina bhféachtar le leibhéal an chaipitil infheistithe a choinneáil mar atá, bíonn daoine eile ag iarraidh torthaí níos airde ná an ceann a d'fhéadfadh straitéis den sórt sin a sholáthar. I gcás Coimircíthe Cúirte a bhfuil a n-airgead infheistithe sa Chiste Fáis agus a mbíonn riachtanais leanúnacha le hairgead tirim acu, coinnítear sealúchas airgid thirim ar leith dóibh. Mar atá leagtha amach thuas, tá na sealúchais sin á sealbhú i gCiste Euribor Plus anois. Tá an tsuim coibhéiseach le sreabhadh tuartha réamh-mheasta airgid thirim 3 bliana. Déanann Cláráitheoir na gCoimircíthe Cúirte athbhreithniú ar an méid sin gach bliain.


Maidir le gach cás de chineál eile, mar shampla, cásanna atá ar Feitheamh tuilleadh Orduithe agus cásanna de chuid an Bhoird Sásaimh d'Instiúidí Cónaithe a bhfuil an Cuntasóir freagrach astu, foráiltear leis an bprótacal go sealbhófar na cistí i gCiste Euribor Plus.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí €1.534 billiún á bhainistiú ag Oifig an Chuntasóra i gcáil mhúineach thar ceann níos mó ná 19,500 tairbhí. Daoine ar fógraíodh gur coimircíthe cúirte iad agus a raibh cistí dar luach iomlán €1.054 billiún acu amhail an 30 Meán Fómhair 2015 a bhí in 2,700 duine de na tairbhíthe sin. Mionaoisigh a raibh cistí dar luach iomlán €281 milliún acu a bhí i 14,800 duine eile díobh. Den chuid is mó, baineann an chuid eile le cásanna atá ar feitheamh tuilleadh orduithe cúirte, le cásanna de chuid an Bhoird Sásaimh d'Instiúidí Cónaithe, le taiscí le cásanna de chineál cosanta agus leis an gCiste Cúitimh Árachais.

**Feidhmíocht Infheistíochta**

Léirítear i dTábla 6 an fheidhmíocht infheistíochta, glan ó tháillí, a bhain gach ceann de na sé straitéis amach don bhliain airgeadais reatha, rud ina gcuimsítear an tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2014 agus an 30 Meán Fómhair 2015. Léirítear ann freisin an fheidhmíocht charnach ó bhunú na gcistí nua i mí Dheireadh Fómhair 2013. Ba iad seo a leanas na glantorthaí don bhliain airgeadais; an Ciste Airgid Thirim (-0.02%), Ciste Euribor Plus (-0.02%), an Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha (+0.11%), an Ciste Cothromaithe Measartha (+0.67%), an Ciste Éagsúlaithe (+2.20%), agus an Ciste Fáis (+4.55%).

**Tábla 6: Feidhmíocht Bhliantúil Infheistíochta na gCistí Speictrim (Glan ó Tháillí) go dtí an 30 Meán Fómhair 2015**



Ghin Ciste Airgid Thirim agus Euribor Plus torthaí beagáinín diúltach -0.02% tar éis táillí bainistíochta don bhliain airgeadais. Nuair a thugtar aird ar chuspóirí infheistíochta na gcistí sin agus nuair a chuirtear san áireamh nach raibh rátaí úis BCE chomh híseal sin riamh, bhí an toradh sin ar aon dul lena rabhthas ag súil leis. Ceann de na cuspóirí a bhí i gceist agus na straitéisí nua á mbunú i mí Dheireadh Fómhair 2013 ba ea feabhas a chur ar thorthaí do chásanna Mionaoiseach, go háirithe iad sin a bhfuil tréimhsí meántéarmacha agus fadtéarmacha infheistíochta ag gabháil leo. Straitéisí infheistíochta a úsáidtear chun freastal go príomha ar chistí Mionaoiseach a bhfuil tréimhsí infheistíochta os cionn 3 bliana ag gabháil leo is ea an Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha, an Ciste Cothromaithe Measartha agus an Ciste Éagsúlaithe. Bhí feidhmíocht na gcistí sin ar aon dul lena rabhthas ag súil léi freisin (féach Tábla 7). Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh feidhmíocht na gcistí uile os cionn a dtagarmhairc faoi seach. Mar gheall ar an ardleibhéal luaineachta a bhí ann i margaí cothromais sa dara leath den bhliain, ba shásúil a bhí an toradh 4.55% (glan ó tháillí) don Chiste Fáis don bhliain. Féach leathanaigh 20-22 de Thuarascáil an Bhainisteora Infheistíochta le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis na margaí airgeadais.



## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEAN)

Tábla 7: Olltorthaí na gCistí Speictrim vs Tagarmharc

<i>Toradh Punainne Speictrim SSGA</i>	<i>Ciste Airgid Thirim</i>	<i>Ciste Euribor Plus</i>	<i>Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha</i>	<i>Ciste Cothromaithe Measartha</i>	<i>Ciste Éagsúlaithe</i>	<i>Ciste Fáis</i>
<i>Olltoradh</i>	0.034%	0.122%	0.254%	0.811%	2.345%	4.792%
<i>Toradh Tagarmhairc an Chiste</i>	-0.219%	0.03%	0.17%	0.74%	2.06%	4.408%
<i>Os Cionn an Tagarmhairc</i>	0.253%	0.094%	0.087%	0.070%	0.286%	0.384%
<i>Glanfheidhmíocht (tar éis Táillí) Ón 1 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 30/9/2015</i>	-0.02%	-0.02%	0.11%	0.67%	2.20%	4.55%

Beag beann ar na rátaí ísle úis nach bhfacthas riamh agus ar an luaineacht i margaí airgeadais, is sásúil a bhí an fheidhmíocht fhoriomlán infheistíochta, agus méadú €18.8 milliún ann i sócmhainní mar thoradh ar fheidhmíocht infheistíochta don tréimhse faoi athbhreithniú.

#### Struchtúr Chistí Speictrim SSGA

Rinneadh Iontaobhas Aonad Speictrim State Street (an “tlontaobhas”), ar ar tugadh Iontaobhas Aonad Speictrim State Street Global Advisors roimhe sin, agus ar iontaobhas aonad neamhiata é, a bhunú le Gníomhas Iontaobhais dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2003. Tá an tlontaobhas údaraithe ag Banc Ceannais na hÉireann (an “Banc Ceannais”) de bhun fhorálacha an Achta um Iontaobhais Aonad, 1990. Tá an tlontaobhas struchtúrtha mar bhratchiste. Is é sin, féadfar fochistí éagsúla a bhunú ó am go chéile le toiliú roimh ré ón mBanc Ceannais. Ina theannta sin, is féidir go bhfuil níos mó ná aicme aonad amháin ag gabháil le gach fochiste. Is ar leithligh óna chéile atá na sócmhainní de chuid gach fochiste agus infheistítear iad de réir na gcuspóirí infheistíochta agus na mbeartas infheistíochta a bhaineann le gach fochiste.

Sheol an tlontaobhas na ceithre fochiste seo a leanas (na “Cistí”) an 10 Nollaig 2003:

Ciste Fáis Speictrim State Street (ar ar tugadh Ciste Fáis Speictrim SSGA roimhe sin)  
 Ciste Speictrim Euribor Plus State Street (ar ar tugadh Ciste Speictrim Euribor Plus SSGA roimhe sin)  
 Ciste Airgid Thirim Speictrim State Street (ar ar tugadh Ciste Airgid Thirim Speictrim SSGA roimhe sin)  
 Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim State Street (ar ar tugadh Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim SSGA roimhe sin)

Sheol an tlontaobhas an dá fochiste seo a leanas (na “Cistí”) an 9 Deireadh Fómhair 2013:

Ciste Éagsúlaithe Speictrim State Street (ar ar tugadh Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSGA roimhe sin)  
 Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim State Street (ar ar tugadh Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSGA roimhe sin)

Is é an euro an bunairgeadra do gach ceann de na sé Chiste.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEAN)

---

#### Struchtúr Chistí Speictrim SSGA (ar lean)

##### Cuspóir Infheistíochta

##### Ciste Airgid Thirim Speictrim:

Is é seo an straitéis is lú riosca atá ar fáil agus tá sé dírithe go príomha ar thairbhíthe lena ngabhann gearrthréimhsí infheistíochta. Is é an aidhm atá leis an gciste ardleibhéal leachtachta a choinneáil, caipiteal agus cobhsaíocht na príomhshuime a chaomhnú agus, ag teacht leis na cuspóirí sin, ioncam reatha a thuilleamh. Is é an aidhm atá leis freisin toradh a chur ar fáil ar aon dul le rátaí an mhargaidh airgid. Is é an tagarmharc don chiste ná ráta euro 1 Sheachtain LIBID.

##### Ciste Speictrim Euribor Plus:

Is straitéis ísealriosca é seo atá dírithe go príomha ar thairbhíthe ar mian leo leibhéal an chaipitil atá infheistithe acu a choinneáil leis an bhféidearthacht atá ann go mbainfear torthaí de bhreis ar airgead tirim amach. Tá an ciste dírithe go príomha ar thairbhíthe lena ngabhann tréimhse infheistíochta idir 9 mí agus 3 bliana. Is é an aidhm atá leis an gciste torthaí os cionn an tagarmhairc a ghiniúint trí infheistíocht a dhéanamh i bpunann éagsúlaithe ar ardchaighdeán, in ionstraimí margaidh airgid a ainmnítear in euro, i bhfiachas gearrthéarmach agus in ionstraimí a bhaineann le fiachas. Is é an tagarmharc don chiste ná Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch.

##### Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim Plus:

Is é príomhchuspóir na straitéise seo caomhnú caipitil a choinneáil le leibhéal measartha fáis. Bainfear é sin amach trí infheistíocht a dhéanamh i gCiste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA agus i gCiste Euribor Plus SSGA. Tá an ciste dírithe go príomha ar thairbhíthe lena ngabhann tréimhse infheistíochta idir 3 bliana agus 5 bliana. Is é an tagarmharc don chiste ná ráta Euro 3 Mhí LIBID de réir ráta 70% agus Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi de réir ráta 30%.

##### Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim:

Is é is aidhm don Chiste Cothromaithe Measartha leibhéal measartha fáis a bhaint amach idir an meántearma agus an fadtéarma. Bainfear é sin amach trí infheistíocht a dhéanamh i gCiste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA, i gCiste Gnáthscaireanna Innéacs Euro GRU SSGA, i gCiste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSGA agus i gCiste Euribor Plus SSGA. Tá an ciste dírithe go príomha ar thairbhíthe lena ngabhann tréimhse infheistíochta idir 5 bliana agus 8 mbliana. Is é an tagarmharc don Chiste ná Innéacs FTSE don Domhan Forbartha ag ráta 7%, Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ag ráta 23% agus Euro 3 Mhí LIBID ag ráta 70%.

##### Ciste Éagsúlaithe Speictrim:

Is é príomhchuspóir infheistíochta an Chiste Éagsúlaithe ná leibhéal measartha fáis a bhaint amach idir an meántearma agus an fadtéarma. Bainfear é sin amach trí infheistíocht a dhéanamh i gCiste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA, i gCiste Gnáthscaireanna Innéacs Euro GRU SSGA, i gCiste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSGA agus i gCiste Euribor Plus SSGA. Tá an ciste dírithe go príomha ar thairbhíthe lena ngabhann tréimhse infheistíochta os cionn 8 mbliana. Ag deireadh mhí Aibreáin 2015, chuir an Ciste Fáis Speictrim forleagan um thrúicear spriocluaineachta cothromais chun feidhme. Is ionann trúicear spriocluaineachta agus próiseas trédhearcach a bhfuil sé mar aidhm leis méid cosanta a thabhairt ar thitimí suntasacha i margaí cothromais. Leis an trúicear spriocluaineachta, tuartar luaineacht cothromais agus coigeartaítear an neamhchosaint cothromais laistigh den Chiste Éagsúlaithe Speictrim go tapa le linn tréimhsí luaineachta méadaithe. Mar sin, tugtar leis tuilleadh cosanta do shealbhóirí aonaid ag an am céanna. Is é an tagarmharc don chiste ná Innéacs FTSE don Domhan Forbartha ag ráta 22.5%, Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ag ráta 27.5% agus Euro 3 Mhí LIBID ag ráta 50%.

##### Ciste Fáis Speictrim:

Is é príomhchuspóir infheistíochta an Chiste Fáis luachmhéadú caipitil a bhaint amach idir an meántearma agus an fadtéarma agus ardleibhéal rialú riosca a choinneáil ar bun ag an am céanna. Bainfear é sin amach trí infheistíocht a dhéanamh i gCiste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA, i gCiste Gnáthscaireanna Innéacs Euro GRU SSGA, i gCiste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSGA, i gCiste Innéacs Bannaí Corparáideacha Euro SSGA agus i Straitéis Comhroghanna Éagsúlaithe SSGA. Ag deireadh mhí Aibreáin 2015, chuir an Ciste Fáis Speictrim forleagan um thrúicear spriocluaineachta cothromais chun feidhme. Is ionann trúicear spriocluaineachta agus próiseas trédhearcach a bhfuil sé mar aidhm leis méid cosanta a thabhairt ar thitimí suntasacha i margaí cothromais. Leis an trúicear spriocluaineachta, tuartar luaineacht cothromais agus coigeartaítear an neamhchosaint cothromais laistigh den Chiste Fáis Speictrim go tapa le linn tréimhsí luaineachta méadaithe. Mar sin, tugtar leis tuilleadh cosanta do shealbhóirí aonaid ag an am céanna. Ní dhéantar Cistí Coimircithe Cúirte a infheistiú sa straitéis seo ach amháin i gcásanna ina meastar go bhfuil leibhéal níos láidre fáis chaipitil ag teastáil chun freastal ar chaiteachas thar shaolré thuartha an tairbhí. Is é an tagarmharc don Chiste ná Innéacs FTSE don Domhan Forbartha ag ráta 55%, Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ag ráta 15%, Innéacs Bannaí Corparáideacha Comhiomlána Euro Barclays ag ráta 15% agus EONIA ag ráta 15% (Straitéis Comhroghanna Éagsúlaithe SSGA).

#### SOCRUITHE RIALACHAIS

##### Bainistíocht Cistí Cúirte

Is é seo a leanas forbheathnú ar na socruithe rialachais agus bainistíochta atá i bhfeidhm i ndáil le cistí Cúirte:

- **An Coiste Infheistíochta:** Bunaíodh an Coiste Infheistíochta sa bhliain 2002 chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na socruithe ar fhaomh Bord na Seirbhíse Cúirteanna iad maidir le Cistí Cúirte a bhainistiú agus a infheistiú. Is éard atá i gcomhaltas an Choiste Infheistíochta ionadaithe do na Breithiúna, Oifigigh Chúirte, Feidhmeannaigh na Seirbhíse Cúirteanna agus comhaltaí neamhspleácha seachtracha. (Féach comhaltas an Choiste ar leathanach 7). Tagann an Coiste le chéile ar bhonn rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón gCeann Bainistíocht Acmhainní, ó Chomhairleoirí Infheistíochta agus ó Bhainisteoirí Infheistíochta.
- **Comhairleoirí Infheistíochta:** San am i láthair, is iad Aon Hewitt a chuireann comhairle neamhspleách infheistíochta ar an tSeirbhís Chúirteanna maidir le Cistí Cúirte a bhainistiú agus a infheistiú. Is é an ról atá ag an gcomhairleoir infheistíochta comhairle infheistíochta atá gairmiúil agus neamhspleách a chur ar an gCoiste Infheistíochta maidir le beartais agus le straitéisí infheistíochta is cuí a chinneadh chun freastal ar riachtanais tairbhíthe agus chun monatóireacht a dhéanamh freisin ar fheidhmíocht infheistíochta agus ar fheidhmíocht bainisteoirí ciste. Áirítear leis na freagrachtaí atá orthu comhairle a thabhairt ar raon ábhar a bhaineann le cistí cúirte a bhainistiú agus a infheistiú. Chomh maith leis sin, tugann siad tacaíocht don tSeirbhís Chúirteanna agus don Choiste Infheistíochta nuair a bhíonn bainisteoirí ciste agus taisceánaigh chiste á roghnú agus á gceapadh.
- **Bainisteoirí Infheistíochta:** Rinneadh State Street Global Advisors Ireland Limited a athcheapadh mar bhainisteoirí ciste don lontaobhas sa bhliain 2012. Cuireadh Comhaontú Bainistíochta Infheistíochta nua i bhfeidhm an 7 Deireadh Fómhair 2013, agus sé straitéis infheistíochta nua á mbunú le héifeacht ón 9 Deireadh Fómhair 2013.
- **Lontaobhaí Ciste:** Tar éis na tairisceana, rinneadh State Street Custodial Services (Ireland) Limited a cheapadh mar lontaobhaí gach ciste cúirte arna n-infheistiú sna cistí aonadaithe, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2013. An 7 Bealtaine 2015, aistríodh na seirbhísí lontaobhaí don lontaobhas chuig Northern Trust Fiduciary Services (Ireland) Limited. Tógann an tLontaobhaí faoina choimeád nó faoina rialú gach sócmhainn an lontaobhais agus coinníonn sé iad chun iad a choinneáil slán do na sealbhóirí aonad. Tá lándualgais an lontaobhaí leagtha amach san Acht um Lontaobhais Aonad, 1990.
- **Riarthóir Ciste, Cláraitheoir agus Gníomhaire Aistrithe:** Tar éis na tairisceana, ceapadh State Street Fund Services (Ireland) Limited mar Riarthóir don lontaobhas le héifeacht ón 1 Lúnasa 2013. An 7 Bealtaine 2015, aistríodh na Seirbhísí Riarthóra, Cláraitheora agus Gníomhaire Aistrithe don lontaobhas chuig Northern Trust International Fund Administration Services (Ireland) Limited, agus é de fhreagracht air leabhair agus taifid an lontaobhais a choinneáil.
- **Iníúcháireacht Sheachtrach:** Is iad iníúcháirí neamhspleácha seachtracha a dhéanann iniúchadh ar ráitis bhliantúla airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúna. Is iad Grant Thornton a chuireann na seirbhísí iniúcháireachta seachtraí sin ar fáil san am i láthair. Cuirtear na ráitis bhliantúla airgeadais faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin 31 Márta gach bliain. Is féidir amharc ar na ráitis iniúchta airgeadais ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag [www.courts.ie](http://www.courts.ie) freisin.
- **Iníúcháireacht Inmheánach:** Tá Oifig an Chuntasóra faoi réir iniúchta ag Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Seirbhíse Cúirteanna freisin.
- **Bainistíocht Riosca:** Mar chuid den bheartas agus den chreat bainistíochta riosca atá curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna, cuirtear bainistíocht Cistí Cúirte faoi réir monatóireacht rialta agus athbhreithniú rialta chun a chinntiú go ndéantar gach mór-riosca a aithint agus a bhainistiú go cuí.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEAN)

---

#### Socruithe Rialachais (ar lean)

- **An Lár-Oifig Cistí:** Tar éis athruithe ar Rialacha na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche, tá údarás dlíthiúil ag Oifig an Chuntasóra cistí ón dá dhlínse sin a bhainistiú agus a infheistiú faoi réir an ordaithe cúirte iomchuí a bheith déanta. Tá tograí reachtaíochta á mbreithniú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi láthair, tograí lena mbunófaí Lár-Oifig Cistí a dhéanfadh, i measc nithe eile, foráil d'iniúchadh na gcistí sin ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

#### FORBHREATHNÚ OIBRIÚCHÁIN

##### Oifig an Chuntasóra

Le linn na bliana, phróiseáil Oifig an Chuntasóra 77,801 idirbheart airgeadais (82,479 gcinn sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014) ar a raibh luach os cionn €1.885 billiún (€2.683 billiún sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014). Tá an t-éileamh ar acmhainní in Oifig an Chuntasóra ag leanúint de bheith ag méadú agus is dóigh go méadóidh sé arís eile sa bhliain 2016 nuair a thiocfaidh méadú ar ghníomhaíocht i leith an Chiste Cúitimh Árachais de bharr leachtú Setanta Insurance Company agus leachtú Lemma Europe Insurance Company Ltd. Ba faoi na príomhtháscairí feidhmíochta a bhí leagtha síos d'Oifig an Chuntasóra - is iad sin, 8 lá gnó agus 17 lá gnó do dhúnadh cuntas - a tháinig ní ba mhó ná 97% de na híocaíochtaí uile a próiseáladh in Oifig an Chuntasóra sa bhliain faoi athbhreithniú. Ba go leictreonach a eisíodh 60% de na híocaíochtaí a próiseáladh. Táthar ag súil freisin go gcuirfear tús le gnéithe den Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 le linn na bliana 2016. Cuirfidh an méid sin tuilleadh le hualach oibre Oifig an Chuntasóra sna blianta atá romhainn.

##### An Ciste Cúitimh Árachais

Bunaíodh an Ciste Cúitimh Árachais (an "Ciste") faoin Acht Árachais, 1964, (an tAcht) chun socruithe a dhéanamh le freastal ar dhliteanais áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha. Déantar an Ciste a choinneáil agus a riar faoi rialú Uachtarán na hArd-Chúirte, ag gníomhú dó/di trí Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Ó thabhairt isteach an Achta Árachais (Leasú) 2011, tá gníomhaíocht shuntasach á déanamh ag Oifig an Chuntasóra maidir leis an gCiste a bhainistiú. Íoctar suimeanna ón gCiste, le faomhadh ón Ard-Chúirt, i ndáil le hárachóir atá faoi leachtú nó faoi riarachán maidir le héilimh faoi pholasaithe arna n-eisiúint ag an árachóir dócmhainneach i gcásanna inar cosúil nach dóigh go bhfreastalófar ar na héilimh sin i slí eile.

I gcás na suime a íoctar ón gCiste, is creidiúnaí de chuid an árachóra dhócmhainnigh a fuair na cistí é Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ('an Cuntasóir'). Tá freagracht ar an mBanc Ceannais as cinneadh a dhéanamh ar cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn tacaíocht airgeadais ón gCiste agus ar an leibhéal ranníocaíochta a íocfaidh árachóirí leis an gCiste. Tháinig tobhach i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012. Shocraigh an Banc Ceannais an tobhach ag uasráta 2% de na hollphréimheanna arna n-íoc. Cé go bhforáiltear leis an Acht gurb iad na hárachóirí a íocann an tobhach, is ar shealbhóirí polasaí a ghearrtar an tobhach sa chleachtas. Tá an tobhach sin iníoctha ag árachóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim ar a bhfuil freagracht as an tobhach a bhailiú agus a aistriú ina dhiaidh sin chuig an gCiste. Sa chás nach bhfuil dóthain airgid sa Chiste chun freastal ar íocaíocht atá faofa ag an Ard-Chúirt, féadfaidh an tAire Airgeadais, de réir Alt 5 d'Acht 1964 agus ar mholadh an Bhainc Ceannais, airgead a airleacan chun an Lár-Chiste chun go bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh uaidh.

Soláthraíonn an Cuntasóir ráiteas airgeadais faoin gCiste don Roinn Airgeadais agus don Bhanc Ceannais gach bliain, rud a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin na Roinne Airgeadais ag [www.finance.gov.ie](http://www.finance.gov.ie). Taifeadtar i ráitis airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais fáltais na gCistí agus íocaíochtaí agus infheistíochtaí ó na Cistí. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, phróiseáil Oifig an Chuntasóra íocaíochtaí ar a raibh luach airgeadaíochta €175.1 milliún ón gCiste. Bhí luach airgeadaíochta €68.9 milliún ar na tobhaigh árachais iomlána a fuair Oifig an Chuntasóra don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEAN)

---

#### An Ciste Cúitimh Árachais (ar lean)

##### **Setanta Insurance Company Ltd (faoi leachtú)**

Chuaigh Setanta Insurance faoi leachtú i mí Aibreáin 2014. Cé go bhfuil an chuideachta lonnaithe agus á rialáil i Málta, cumhdaíodh rioscaí mótararachais i bPoblacht na hÉireann faoi gach ceann dá cuid polasaithe. Chuaigh an Cuntasóir i dteagmháil le Deloitte, atá ag déanamh ionadaíocht don leachtaitheoir Máltach i mBaile Átha Cliath, leis an Roinn Airgeadais, agus lenár gcomhairleoirí dlí féin d'fhonn roinnt nósanna imeachta dlíthiúla agus riaracháin a shoiléiriú agus a chomhaontú maidir leis na héilimh a phróiseálfar ar an gCiste. Thug an leachtaitheoir le fios go mbeadh easnamh suntasach ann idir na cistí a bheadh ar fáil ón leachtú agus luach na n-éileamh. Dá bhrí sin, chomhaontaigh sé réamhiarratais a dhéanamh chuig an gCiste sula mbeadh an próiseas leachtaithe tugtha chun críche. Ní dhéanfaidh an Cuntasóir iarratas chuig Uachtarán na hArd-Chúirte ach amháin sa chás gur deimhin leis go mbeidh na héilimh lena mbaineann incháilithe faoi fhorálacha na reachtaíochta is infheidhme.

Cheistigh Dlí-Chumann na hÉireann cé acu ba cheart don Chiste Cúitimh Árachais nó do Bhiúro Árachóirí Mótár na hÉireann (MIBI) éilimh i dtaca le Setanta nó i dtaca le haon árachóirí dócmhainneacha eile a íoc. Tar éis comhairle dhlíthiúil a fháil, chinn Uachtarán na hArd-Chúirte gur cheart cinneadh breithiúnach a dhéanamh ar an ábhar d'fhonn deireadh a chur le haon éiginnteacht. Tionóladh éisteacht os comhair an Bhreithimh Hedigan i gCill Chainnigh i mí Iúil 2015. Ba é a bhí i gceist leis an gcás, Dlí-Chumann na hÉireann v Biúro Árachóirí Mótár na hÉireann (MIBI), ná a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an MIBI faoi dhliteanas i leith déileáil le héilimh nuair a théann cuideachta árachais faoi leachtú. Chinn an Ard-Chúirt gurb amhlaidh go bhfuil an MIBI faoi dhliteanas i leith éileamh ó thríú páirtithe. Rinne an MIBI achomharc in aghaidh na breithe chuig an gCúirt Achomhairc ansin. Táthar ag súil go dtabharfar breithiúnas ar an ábhar i mí an Mhárta 2016.


Beidh ar Chuntasóir na Cúirte Breithiúnais an toradh ar an achomharc a mheas i gcomhar lena chomhairleoirí dlí. Beag beann ar an toradh sin, tá éilimh áirithe ann i dtaca le Setanta nach ndéanfaidh an cás atá ar siúl faoi láthair difear dóibh. Tá sé beartaithe na héilimh sin a thabhairt os comhair na hArd-Chúirte a luaithe is féidir. Ní dhéanfaidh an Cuntasóir aon iarratas chuig an gCúirt go dtí go mbeidh an cás sin tugtha chun críche.

##### **Lemma Europe Insurance Company Ltd (faoi leachtú)**

Ba é an Coimisiún Seirbhísí Airgeadais i nGiobráltar a thug údarás do Lemma dul i mbun gnó. D'ordaigh Cúirt Uachtarach Giobráltar ina dhiaidh sin an 24 Eanáir 2013 go gceapfaí leachtaitheoir chun Lemma. Ní bhfuair an Ciste aon iarratais chuig an gCiste ar dheimhin leis an gCuntasóir go raibh na héilimh iontu incháilithe faoi fhorálacha na reachtaíochta is infheidhme.

#### **Buíochas**

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann in Oifig an Chuntasóra as an obair den scoth a rinne sí le linn na bliana maidir leis an méadú suntasach in ualach oibre na hoifige a bhainistiú. Chuir siad go mór le seirbhís den scoth a sholáthar do raon leathan cliant. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht a fuarthas ó aonaid eile ghnó sa tSeirbhís Chúirteanna, ó Chomhairleoirí Infheistíochta, ó Bhainisteoirí Infheistíochta, ó sholáthraithe eile seirbhísí agus ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. A bhúi leis an tacaíocht sin, cuireadh ar chumas Oifig an Chuntasóra a chuid cuspóirí a chomhlíonadh le linn na bliana.



**Sean Quigley**  
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

**Dáta: 14 Márta 2016**

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### RÓL OIFIG NA gCOIMIRCI THE CÚIRTE

---

Baineann sciar suntasach de na cistí atá faoi bhainistíocht Oifig an Chuntasóra le daoine ar Coimircithe Cúirte iad agus a bhfuil a gcuid gnóthaí á mbainistiú ag Oifig na gCoimircithe Cúirte. Is é seo a leanas forbheathnú gairid ar an obair a dhéanann Oifig na gCoimircithe Cúirte.

Tá go leor daoine ann a chailleann, de bharr tinnis nó timpiste, an cumas atá acu cinntí a dhéanamh dóibh féin; tá go leor daoine eile ann a rugadh faoi mhíchumas intleachta agus nach bhfuil in ann aire a thabhairt dá gcuid gnóthaí féin in aon chás ar bith.

Is le córas na gCoimircithe Cúirte a cheadaítear cinnteoireacht ionadach, rud a fhágann go bhféadfaidh an Chúirt cinntí a dhéanamh atá riachtanach chun an duine agus maoin an duine sin nach bhfuil lánchumas meabhrach aige/aici a chosaint. Is é an bunphrionsabal taobh thiar den dlínse Choimircíochta go bhfeidhmíonn an Chúirt ar an mbealach céanna is a bhfeidhmeodh tuismitheoir stuama maidir le leas linbh.

Cé gur leis an reachtaíocht agus le rialacha na cúirte a fhoráiltear don dlínse Choimircíochta, níl sí teoranta le reacht. Is dlínse í a fheidhmíonn an Chúirt faoi réir fhorálacha an Bhunreachta amháin. Dá bhrí sin, tá cumhachtaí an-leathan ag an gCúirt, agus tá dualgais an-leathan uirthi, i ndáil le daoine faoi mhíchumas. Tá an dlínse dílsithe d'Uachtarán na hArd-Chúirte agus, dá réir sin, tá freagracht air/uirthi as gnóthaí Coimircithe Cúirte a bhainistiú. Tá bainistíocht laethúil ar na gnóthaí sin tarmligthe aige chuig Cláráitheoir agus chuig foireann Oifig na gCoimircithe Cúirte. Ba faoi Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, a bunaíodh Oifig na gCoimircithe Cúirte agus post Chláráitheoir na gCoimircithe Cúirte. De réir na reachtaíochta sin agus rialacha na Cúirte, tá freagracht reachtúil ar Oifig agus ar Chláráitheoir na gCoimircithe Cúirte gnóthaí daoine ar Coimircithe Cúirte iad a bhainistiú. Déanann an Chúirt coiste, a bhfuil ina b(h)all de theaghlach an Choimircí i bhformhór na gcásanna, a cheapadh agus iarrtar ar an gcoiste sin moltaí a dhéanamh i ndáil le hábhair éagsúla amhail leas agus maoin an Choimircí agus a (h)ionad cónaithe sa todhcháí.

Tagann Coimircíocht chun cinn de ghnáth i gcásanna ina bhfuil maoin ag duine a bhfuil easpa cumais aige/aici agus inar gá an mhaoin sin a úsáid chun tairbhe an duine sin nó chun an duine sin a chothabháil. Mar shampla, d'fhéadfadh gur ghá teach a dhíol nó cistí a aistarraingt ó chuntas bainc chun íoc as cúram i dteach altranais. Tar éis díolacháin nó dúnadh cuntas bainc, déantar cistí ar leis na Coimircithe iad a thaisceadh sa Chúirt agus coinnítear iad faoi rialú Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnaí. Tá freagracht ar an gCláráitheoir as treoir a thabhairt don Chuntasóir maidir le cistí Coimircithe Cúirte a infheistiú de réir phrótacal infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna, faoi mar a mholann ár gcomhairleoirí infheistíochta. Tá freagracht air/uirthi freisin as scaoileadh íocaíochtaí a údarú thar ceann Coimircithe. Is é an Cláráitheoir a chinneann an straitéis chuí infheistíochta do gach cás ar leith de réir phrótacal infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna. Agus an straitéis chuí á roghnú aige/aici, féachann an Cláráitheoir do shócmhainní an Choimircí agus do na riachtanais leanúnacha airgeadais atá aige nó aici. Tá freagracht ar an gCláráitheoir freisin as treoir a thabhairt don Chuntasóir, nuair is cuí, dóthain airgid thirim a infheistiú in infheistíocht airgid thirim ar leith, rud ar cheart dó freastal ar íocaíochtaí cothabhála agus ar íocaíochtaí eile atá tuartha ar feadh tréimhse trí bliana.

Déantar mionaoisigh - is é sin, daoine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois - a thógáil faoi Choimircíocht ó am go chéile. D'fhéadfadh sé sin tarlú i gcásanna ina bhfuil an mionaoiseach i dteideal suim shuntasach airgid a fháil de bharr dámhachtain Chúirte nó oidhreachta. Mar an gcéanna, déantar na cistí sin a infheistiú i gceann de na straitéisí atá ar fáil faoi threoir an Chláráitheora. Déantar íocaíochtaí rialta le tuismitheoirí nó le caomhnóirí an mhionaoisigh. Ar ocht mbliana déag d'aois a bhaint amach dó/di, tá an mionaoiseach i dteideal an chuid eile de na cistí a fháil ach amháin i gcásanna ina bhfuil fianaise leighis ann ar éagumas meabhrach.

### Athbhreithniú ar an Margadh

Bhí margáí cothromais faoi réir cuid mhór arduithe agus íslithe le linn an 12 mhí faoi athbhreithniú. Ba le réigiúin nó le hearnálacha ar leith a bhain roinnt de na harduithe agus de na híslithe. Dá bhrí sin, b'éagsúil ó áit go háit a bhí na torthaí stocmhalartáin. De réir Innéacs FTSE don Domhan, ghin cothromas domhanda toradh diúltach foriomlán -0.61% ar bhonn airgeadra áitiúil. B'ionann é sin agus gnóthachan measartha 0.83%. Cé go raibh an earnáil cúram sláinte agus an earnáil tomhaltóirí is measc na gceann is fearr feidhmíocht sa mhargadh, rinne an titim leanúnach i bpraghas na hola dochar don mheon i leith na hearnála fuinnimh. Rinneadh dochar freisin don tionscal ábhar mar gheall ar imní mhéadaithe faoin bhfás ní ba mhoille ar gheilleagar na Síne agus faoi na himpleachtaí a bheadh aige sin ar an éileamh. Mar a tharla, bhí laghdú suntasach ann ar an bpraghas ar mhíotál tionsclaíoch dá bharr.

In ainneoin na n-ábhar imní a bhí ag teacht chun cinn faoin tSín sa dara leath den tréimhse faoi athbhreithniú, ba thacúil den chuid ba mhó, a bhí an cúlra geilleagrach. I dtús na bliana, bhíothas ag súil go bhfásfadh geilleagar na Stát Aontaithe agus na Ríochta Aontaithe ní ba ghasta ná iad sin sa limistéar euro agus sa tSeapáin agus go méadódh rátaí úis sa chéad dá thír sin dá réir. Mar a tharla, sháraigh an fás sa limistéar euro na hionchais sin. Mhéadaigh olltairgeacht intíre (OTI) faoi 0.6% sa chéad ráithe agus faoi 0.4% sa dara ráithe. Fuair an méid sin tacaíocht ón méadú a bhí ann ar mhuintir i measc tomhaltóirí agus ón euro a bheith measartha lag sa bhliain, rud a bhrúigh díolacháin onnmhairí chun cinn. Bhí ról ag an mBanc Ceannais Eorpach sa mhéadú sin freisin, tar éis dó spreagadh ollmhór a thabhairt trína bhonnráta úis a laghdú go 0.05% agus trí chlár um éascú cainníochtúil ar fiú €1.1 trilliún é a sheoladh go luath sa bhliain 2015. Bhí an ghluaiseacht i ráta dífhóstaíochta an réigiúin ní ba mhoille, áfach, agus é cothrom le 11% i mí Lúnasa. Tá an ráta sin fós ar an ráta is airde riamh. Tá sceipteachas ann go fóill maidir leis an gcumas a bheidh ag an nGréig a fiachas a íoc. Mar sin féin, maolaíodh na hábhair imní a bhí ar infheisteoirí faoi éalú féideartha ón euro nuair a thángthas ar chomhaontú leis an tír ar an tríú beart tarthála tar éis idirbheartaíocht dhian.

Bhí dea-bhail ar gheilleagar na Stát Aontaithe, cé gur buaileadh buille air sa chéad ráithe de 2015 de dheasca na haimsire. Mar gheall gur méadaigh fás OTI ní ba ghasta ná mar a bhíothas ag súil leis – agus é cothrom le 3.9% – agus gur thit an ráta dífhóstaíochta go 5.1% i mí Lúnasa, measadh go forleathan go méadódh an Cúlchiste Feidearálach rátaí úis i mí Mheán Fómhair. Bheadh sé sin ar an gcéad mhéadú le beagán os cionn naoi mbliana. Agus iad ag feitheamh leis an ngníomh sin, bhain an mhoill ina dhiaidh sin croitheadh as infheisteoirí a raibh imní orthu nach raibh an fás sách láidir chun údar a thabhairt le hionchais shoirbhe tuillimh. Tá na hionchais sin á laghdú dá réir sin le cúpla mí anuas. In Innéacs 500 S&P, taifeadadh toradh diúltach -2.7% don 12 mhí mar gheall gur mhó na cailleanais sna hearnálacha fuinnimh agus ábhar ná na gnóthachain mheasartha sna hearnálacha fiontas, cúram sláinte agus tomhaltóirí.

Thit stocmhalartán na Gréige faoi 40%, beagnach, sa bhliain, ach bhí scaipeadh leathan torthaí airgeadra áitiúil ann san Eoraip – tháinig méadú 26.5% orthu in Éirinn; tháinig méadú 2% orthu sa Ghearmáin; tháinig méadú 1% orthu sa Fhrainc; agus tháinig laghdú 12% orthu sa Spáinn. Bhí laghdú suntasach ann ar ghnóthachain i bhformhór na margáí sna míonna deireanacha den bhliain de réir mar a tháinig na hábhair imní faoin tSín chun cinn. Rud suntasach, tháinig méadú 30%, beagnach, ar Innéacs Ilchodach Shang-hai sa tSín sa 12 mhí, in ainneoin gur thit sé faoi 40% idir lár mhí an Mheithimh agus deireadh mhí Mheán Fómhair. Ba faoi 9.1% a thit Innéacs Hang Seng in Hong Cong sa bhliain, áit a gceannaíonn formhór na n-infheisteoirí idirnáisiúnta stoic Shíneacha. Ba ag Innéacs Nikkei sa tSeapáin a bhí ceann de na feidhmíochtaí ba láidre, agus gnóthachan 7.5% san airgeadra áitiúil á thaifeadadh aige. Tháinig an gnóthachan sin as a laige a bhí an yen i gcomparáid le dollar na Stát Aontaithe, rud a bhrúigh onnmhairiú chun cinn.

Luainigh na margáí ioncaim sheasta faoi dhó le linn na bliana, cé gur thaifead beagnach gach margadh forbartha bannaí flaitiúnaí gnóthachain sa tréimhse. I gcás na Ríochta Aontaithe, na Stát Aontaithe agus na Seapáine, tháinig deireadh leis an treocht anuas i dtorthaí bannaí ag deireadh mhí Eanáir de réir mar a thosaigh na margáí ag baint leas as na rátaí ní b'airde ó na bainc cheannais sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe chun praghsanna a shocrú. Lean torthaí bannaí de bheith ag laghdú sa limistéar euro díreach roimh sheoladh chlár an Bhainc Cheannais Eorpaigh um éascú cainníochtúil. Faoi mhí Aibreáin, bhí ní ba lú ná nialas á ghnóthú ar bhannaí Gearmánacha a raibh tréimhsí suas le naoi mbliana ag gabháil leo. Thit an toradh tagarmhairc 10 mbliana go 0.05% freisin. Tháinig méadú ollmhór ar dhíolachán bannaí ina dhiaidh sin. Agus ábhair imní ann faoin nGréig, méadaigh torthaí ar bhannaí 10 mbliana go ní ba mhó ná 1.0% sular thit siad go 0.59% ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Ag deireadh na tréimhse faoi athbhreithniú, ba chothrom le 2.04% agus le 0.36% faoi seach a bhí torthaí ar bhannaí ó na Stáit Aontaithe agus ón tSeapáin a raibh tréimhsí den chineál céanna ag gabháil leo, agus iad tar éis titim ó 2.49% agus ó 0.53% faoi seach don bhliain roimhe. Laghdaigh torthaí ar bhannaí na Ríochta Aontaithe le linn an 12 mhí. Thit torthaí ar bhannaí dhá bhliain ó 0.83% go 0.57% agus thit torthaí ar bhannaí 10 mbliana ó 2.43% go 1.76%. Agus boilsciú sa Ríocht Aontaithe cothrom le nialas, cuireadh an tréimhse ionchasach ama le haghaidh méaduithe ar an ráta úis ag Banc Shasana siar arís agus arís eile.

Ba i margáí airgeadraí a bhí cuid mhór de ghníomhaíocht na Síne agus an mhargaidh a bhí ag teacht chun cinn le feiceáil. Beag beann ar an bhfíric gurbh as an iarracht a rinne an tSín an yuan a dhíluacháil a d'eascair ábhair imní go dtiocfadh díluachálacha iomaíocha, nó cogaí airgeadraí, chun cinn, ba le praghsanna tráchtearraí a bhain formhór na n-ábhar imní ó thaobh fáis de. Rinne na praghsanna tráchtearraí dochar ansin don airgeadra de chuid tíortha ar mór-onnmhairsí acmhainní bunúsacha iad. Mar sin, cé gur thit stocmhalartán na Brasaíle faoi 17%, beagnach, thit luach airgeadra na tíre faoi 33% i gcomparáid le steirling.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA (AR LEAN)

#### Athbheithniú Margaidh (ar lean)

Thit luach rúbal na Rúise faoi 35% chomh maith. Bhí airgeadraí eile faoi bhrú freisin, seachas iad sin de chuid margai atá ag teacht chun cinn amháin – thit luach choróin na hIorua faoi 19% agus bhí laghduithe 14%, 12% agus 10% ar dhollar na hAstráile, ar dhollar na Nua-Shéalainne agus ar dhollar Cheanada faoi seach de bharr ábhair inmí faoi phraghsanna tráchtarraí.

Ciste	Ollfheidhmíocht mar % don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015	An Barrachas mar % idir an Fheidhmíocht agus an Tagarmharc
Ciste Airgid Thirim Speictrim SSGA	0.034	0.253
Ciste Speictrim Euribor Plus SSGA	0.122	0.094
Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim SSGA	0.254	0.087
Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSGA	0.811	0.070
Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSGA	2.345	0.286
Ciste Fáis Speictrim SSGA	4.792	0.384

#### Nótaí:

Is comhlán ó tháillí atá torthaí punainne na gCistí Speictrim a léirítear.

Baineann na torthaí aon bhliana leis an mbliain idir an 1 Deireadh Fómhair 2014 agus an 30 Meán Fómhair 2015 agus tá siad ainmnithe i dtéarmaí Euro.

Is é an tagarmharc do Chiste Fáis Speictrim State Street ná meascán díobh seo a leanas: Innéacs FTSE don Domhan Forbartha ag ráta 55%, Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ag ráta 15%, Innéacs Bannaí Corparáideacha Comhiomlána Euro Barclays ag ráta 15% agus EONIA ag ráta 15%.

Is é an tagarmharc do Chiste Speictrim Euribor Plus State Street ná Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch.

Is é an tagarmharc do Chiste Airgid Thirim Speictrim State Street ná Ráta Euro 7 Lá LIBID.

Is é an tagarmharc do Chiste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim State Street ná meascán díobh seo a leanas: Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch ag ráta 70% agus Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ag ráta 30%.

Is é an tagarmharc do Chiste Éagsúlaithe Speictrim State Street ná meascán díobh seo a leanas: Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch ag ráta 50%, Innéacs FTSE don Domhan Forbartha ag ráta 22.5% agus Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ag ráta 27.5%.

Is é an tagarmharc do Chiste Cothromaithe Measartha Speictrim State Street ná meascán díobh seo a leanas: Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch ag ráta 70%, Innéacs FTSE don Domhan Forbartha ex Eurobloc ag ráta 7% agus Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ag ráta 23%.

Foinse: Datastream

#### Athbheithniú ar fheidhmíocht agus ar straitéis

##### Ciste Fáis Speictrim State Street

Sa bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2015, bhí an Ciste 1.009% ní ba mhó ná a thagarmharc comhlán ó tháillí. Ba í an bhunstraitéis “Comhroghanna Éagsúlaithe SSGA”, a bhí i bhfad ní ba mhó ná a thagarmharc EONIA, a bhrúigh sé sin chun cinn den chuid ba mhó. Tá an straitéis sin comhdhéanta de 11 bhunchiste a bhíonn ag infheistiú in aicmí traidisiúnta agus malartacha sócmhainní. Tréimhse láidir do roinnt mhaith de na haicmí sócmhainní laistigh de Straitéis Comhroghanna Éagsúlaithe SSGA a bhí i dtús na tréimhse agus soláthraíodh ardfheidhmíocht lena linn.



**Athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar straitéis (ar lean)**

Cuireadh Truicear Sprioc-Luaineachta chun feidhme ar an sciar cothromais de Chiste Fáis Speictrim State Street an 28 Aibreán. Is é an aidhm atá leis an straitéis sin laghdú a dhéanamh ar luaineacht na gné cothromais agus ar an tionchar a imríonn mór-íostarraingtí margaidh. Is é an cur chuige a ghlacann an bainisteoir ina leith sin ná luaineacht an innéacs cothromais a réamhaisnéisiú agus cothromas a aistriú ina airgead tirim, nó airgead tirim a aistriú ina chothromas, d'fhonn méid luaineachta ar leith a bhaint amach don chothromas foriomlán. Is é aidhm an Truicir Sprioc-Luaineachta leibhéal luaineachta 12% a bhaint amach. Mar gheall ar luaineacht mhéadaitheach, rinne an ciste an leithdháileadh cothromais a laghdú go 87% i mí na Bealtaine. Bhí réamhaisnéisí luaineachta fós a lán ní b'airde ná an spriocluaineacht le linn an tsamhraidh agus coinníodh an leithdháileadh sin mar a bhí. Rinne an ciste an leithdháileadh cothromais a laghdú arís ag deireadh mhí Lúnasa toisc gur tháinig ábhair imní chun cinn faoi gheilleagar na Síne agus faoi fhás domhanda agus toisc gur mhéadaigh luaineacht dá mbarr. Mar sin, rinneadh an leithdháileadh cothromais a laghdú go 53% ansin. Lean an phunann ar aghaidh le leibhéal cothromais den chineál céanna a choinneáil suas go deireadh mhí Mheán Fómhair.

**Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim State Street, Ciste Éagsúlaithe State Street, agus Ciste Cothromaithe Measartha State Street**

Bhí feidhmíocht na gCistí ar aon dul, a bheag nó a mhór, lena dtagarmharc faoi seach le linn na bliana idir an 1 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 30 Meán Fómhair 2015.

Cuireadh Truicear Sprioc-Luaineachta chun feidhme ar an sciar cothromais de Chiste Éagsúlaithe Speictrim State Street an 28 Aibreán. Is é aidhm an Truicir Sprioc-Luaineachta leibhéal luaineachta 12% a bhaint amach. Mar gheall ar luaineacht mhéadaitheach, rinne an ciste an leithdháileadh cothromais a laghdú go 87% i mí na Bealtaine. Bhí réamhaisnéisí luaineachta fós a lán ní b'airde ná an spriocluaineacht le linn an tsamhraidh agus coinníodh an leithdháileadh sin mar a bhí. Rinne an ciste an leithdháileadh cothromais a laghdú arís ag deireadh mhí Lúnasa toisc gur tháinig ábhair imní chun cinn faoi gheilleagar na Síne agus faoi fhás domhanda agus toisc gur mhéadaigh luaineacht dá mbarr. Mar sin, rinneadh an leithdháileadh cothromais a laghdú go 53% ansin. Lean an phunann ar aghaidh le leibhéal cothromais den chineál céanna a choinneáil suas go deireadh mhí Mheán Fómhair.

**Ciste Speictrim Euribor Plus State Street**

Infheistíonn Ciste Speictrim Euribor Plus State Street a shócmhainní uile, beagnach, i gCiste Euribor Plus GRU SSGA.

Tríd is tríd, níor tháinig aon athrú ar chomhdhéanamh foriomlán Chiste Euribor Plus GRU SSGA, agus leithdháiltí earnála á gcoinneáil aige. Is iad urrúis ráta chomhlúthaigh an príomhshealúchas go fóill. Soláthraíonn siad toradh níos airde ná an ceann a sholáthraíonn Euribor, agus íoslaghdaíonn siad an riosca ráta úis ag an am céanna. Cé gur thit na torthaí ar bhannaí ráta sheasta, leanaimid ar aghaidh le iad a cheannach mar gheall go mbíonn bannaí ag laghdú sa timpeallacht ar fad. D'fhan cáilíocht chreidmheasa punainne ag leibhéal ard ar fud na tréimhse.

**Ciste Airgid Thirim Speictrim State Street**

Infheistíonn Ciste Airgid Thirim Speictrim State Street a shócmhainní uile, beagnach, i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSGA.

Tríd is tríd, níor tháinig aon athrú ar chomhdhéanamh foriomlán Chiste Airgid Thirim Euro GRU SSGA, agus leithdháiltí earnála á gcoinneáil aige. Is iad páipéar tráchtála bainc agus Deimhnithe Taiscí an príomhshealúchas go fóill, cé gur chuir páipéar tráchtála sócmhainnbhunaithe leis an toradh sa chuid ghearr de chuar an ráta úis. Bhí aird ag bainisteoirí na punainne go fóill ar an gcur chuige cúramach a ghlacann BCE agus ar an timpeallacht ráta dhiúltaigh a chruthaíonn sé sin. Dá bhrí sin, lean siad ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh a chinntiú go gcoinneofaí cóimheasa measartha leachtachta, agus iad ag bainistiú punann dhea-struchtúrtha agus dhea-éagsúlaithe d'eisitheoirí ar an leibhéal is airde ag an am céanna.

**State Street Global Advisors Ireland Limited  
Deireadh Fómhair 2015**

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

---

### RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

Bunaíodh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (CCB) agus post an Chuntasóra faoi Alt 15 agus Alt 16 faoi seach den Acht Oifigeach Cúirte, 1926. Ceanglaítear ar an gCuntasóir le hOrdú 77, Rial 83, de Rialacha na nUaschúirteanna cuntas a ullmhú ar an 31 Márta nó roimhe sin lena léirítear suim iomlán na gcistí a íocadh nó a aistríodh chuig an gCúirt agus ón gCúirt sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair le linn na bliana roimhe sin. Ní mór go léireodh an cuntas comhardú na gcistí sa Chúirt i dtús na bliana agus ag deireadh na bliana. Éilítear go gcuirfead coipeanna den chuntas ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus chuig an Aire Airgeadais. Leagtar amach an bunús ullmhúcháin agus na beartais chuntasaíochta ar leathanach 28.

Ní mór don Chuntasóir na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais lena dtugtar léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí oifig CCB agus ar thorthaí oifig CCB don tréimhse sin. Ní mór don Chuntasóir agus é nó í ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair Ráitis Airgeadais CCB agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh an CCB de bheith i bhfeidhm.

### Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn luacha chóir. Ullmhaíodh ráitis airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeán Chuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn), faoi mar a cheanglaítear le dlí na hÉireann.

### Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Aithníonn an Cuntasóir an fhreagracht atá air as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil i ndáil le hoibriú Oifig an Chuntasóra.


Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní ar a gcosaint, go n-údaraítear agus go gcláraítear na hidirbhearta mar ba chúí, agus go gcoisctear gach earráid nó neamhrialtacht ábhartha nó go n-aimsítear in am trátha iad.

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú, agus
- tá ról agus freagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm.

Faoi na socruithe rialachais a bhunaigh Bord na Seirbhíse Cúirteanna, tá Coiste Iniúcháireachta agus feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí ann agus feidhmítear iad araon de réir cairteacha ceadaithe. Déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an tuarascáil seo agus ar na ráitis airgeadais. Ceann de phríomhfheidhmeanna an aonaid iniúcháireachta inmheánaí is ea tuairisciú a dhéanamh i leith leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a oibríonn Oifig an Chuntasóra.



**Sean Quigley**  
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

**Dáta: 14 Márta 2016**

## **TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015, iniúchadh a chuimsíonn an Ráiteas faoi Shócmhainní agus Dlíteanais, an Ráiteas faoi Oibríochtaí agus an Ráiteas faoi Athruithe i nGlansócmhainní agus na nótaí gaolmhara 1 go 18. Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83, agus caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn) is ea an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus iad á n-ullmhú.

Is don Chuntasóir agus dó sin amháin a ullmhaítear an tuarascáil seo, de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83.

### **Freagrachtaí an Chuntasóra agus na nIniúcháirí faoi seach**

Mar atá míniú ar bhealach níos mine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Chuntasóra, is é an Cuntasóir atá freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn). Is é ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83, agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeán sin orainn cloí leis na Caighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

### **Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais**

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Áiríodh leis sin measúnú ar na nithe seo a leanas: cé acu atá na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais nó nach bhfuil, cé acu a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus cé acu a nochtadh go leormhaith iad nó nár nochtadh; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta a rinne an Cuntasóir; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léamar an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i Ráiteas Chathaoirleach an Choiste Infheistíochta, i dTuarascáil Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, i dTuarascáil an Bhainisteora Infheistíochta, san Fhaisnéis Chúlra agus san Fhaisnéis Fhorlíontach mar a thuairiscítear i rannán an chláir ábhar chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaimid ar an eolas faoi mhíríteas ábhartha follasach nó faoi neamhréireacht ábhartha follasach ar bith, breathnaímid ar na himpleachtaí a bheidh i gceist dár dtuarascáil.

### **Tuairim ar na ráitis airgeadais**


Is é seo a leanas an tuairim atá againn ar na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amhail an 30 Meán Fómhair 2015 agus an toradh don bhliain dar críoch an dáta sin.

### **Cúrsaí a gceanglaítear orainn tuairisciú fúthu**

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chúí chuntas coinnte ag Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i Ráiteas Chathaoirleach an Choiste Infheistíochta, i dTuarascáil Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, i dTuarascáil an Bhainisteora Infheistíochta, san Fhaisnéis Chúlra agus an Fhaisnéis Fhorlíontach ag teacht leis na ráitis airgeadais.



Grant Thornton  
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe  
Baile Átha Cliath 2, Éire.

**Dáta:** 14 Márta 2016

# OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

## RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

	<i>Nótaí</i>	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA</b>			
Infheistíochtaí	4	1,500,050,470	1,440,915,855
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe	5	19,034,989	20,007,981
Banc	6	15,504,541	13,153,958
<b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		34,539,530	33,161,939
<b>DLITEANAIS REATHA</b>			
Creidiúnaithe	7	(898,652)	(1,170,051)
<b>IOMLÁN NA nDLITEANAS REATHA</b>		(898,652)	(1,170,051)
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>		33,640,878	31,991,888
<b>IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ</b>		1,533,691,348	1,472,907,743
<b>Ionadaithe ag:</b>			
Cistí arna sealbhú ar son tairbhithe	8	1,533,691,348	1,472,907,743

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais an 14 Márta 2016.



**Sean Quigley**  
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais


*Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS FAOI OIBRÍOCHTAÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

	<i>Nótaí</i>	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>			
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	10	8,784,977	7,091,927
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	11	11,875,810	58,996,549
Glanchailteanais a réadaíodh ar aistrithe sócmhainní	12	(6,507)	(1,642,374)
		<u>20,654,280</u>	<u>64,446,102</u>
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS AN tATHRÚ I nGNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE</b>			
Ioncam infheistíochta	13	218,687	364,179
		<u>20,872,967</u>	<u>64,810,281</u>
Speansais	14	(2,022,561)	(2,093,030)
		<u>18,850,406</u>	<u>62,717,251</u>

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais an 14 Márta 2016.



**Sean Quigley**  
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

*Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>		
Ioncam infheistíochta lúide speansais	(1,803,874)	(1,728,851)
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	8,784,977	7,091,927
Athrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	11,875,810	58,996,549
Glanchailteanais a réadaíodh ar aistrithe amach le linn na bliana	(6,507)	(1,642,374)
	<hr/>	<hr/>
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	18,850,406	62,717,251
	<hr/>	<hr/>
<b>IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>		
Fáltais	461,730,858	462,345,001
Eisíocaíochtaí	(419,797,659)	(345,681,755)
	<hr/>	<hr/>
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>	41,933,199	116,663,246
	<hr/>	<hr/>
Méadú lomlán i nglansócmhainní don bhliain	60,783,605	179,380,497
Glansócmhainní i dtús na bliana	1,472,907,743	1,293,527,246
	<hr/>	<hr/>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA</b>	1,533,691,348	1,472,907,743
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

*Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*

**1. GINEARÁLTA – STÁDAS DLÍTHIÚIL**

Déanann Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais na Cistí Cúirte a bhainistiú i gcáil mhuiníneach thar ceann tairbhíthe. Is iad seo a leanas an reachtaíocht phríomha agus an reachtaíocht thánaisteach a rialaíonn fáil, bainistiú agus infheistiú na gcistí atá á rialú ag na Cúirteanna:

- An tAcht Oifigeach Cúirte, 1926
- An tAcht Lontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na hOrduithe Lontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a dhéantar dá réir
- Rialacha na nUaschúirteanna
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

**2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

**(a) Bonn ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83, agus na gcaighdeán cuntasáiochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeán Chuntasáiochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáiochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn). Ullmhaíodh ráitis airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 de réir na gcaighdeán cuntasáiochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeán Chuntasáiochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáiochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn), faoi mar a cheanglaítear le dlí na hÉireann.

Bhain Oifig an Chuntasóra leas as an díolúine atá ar fáil faoi Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid (athbhreithnithe) FRS 1 gan ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú.

**(b) Luacháil na nInfheistíochtaí**

Déantar infheistíochtaí liostaithe agus infheistíochtaí i gcistí aonadaithe a luacháil ag a bpraghas tairgthe i gcás ina luaitear iad ar stocmhalartán aitheanta. Déantar polasaithe árachais a luacháil ag a luach géilliúna faoi mar a dheimhníonn na cuideachtaí árachais iad go neamhspleách. Déantar infheistíochtaí eile a luacháil ag a luach taisce lena n-áirítear ús fabhráithe ag deireadh na bliana.

**(c) Ioncam**

Is ar bhonn fabhrúithe a thaifeadtar ioncam úis agus díbhinne.

**(d) Gnóthachain agus cailteanais réadaithe**

Taifeadtar idirbhearta infheistíochta ar bhonn an dáta trádála. Ríomhtar gnóthachain nó cailteanais réadaithe ar dhíolacháin na n-urrús trádálaithe ar bhonn ‘an ceann is túisce isteach is túisce amach’. Ríomhtar gnóthachain nó cailteanais réadaithe ar dhíolacháin infheistíochtaí i gcistí aonadaithe ar bhonn an mheáin. Taifeadtar gnóthachain réadaithe agus an t-athrú i ngnóthachain nó i gcaillteanais neamhréadaithe ar infheistíochtaí sa ráiteas faoi oibríochtaí.

**(e) Speansais**

Is ar bhonn fabhrúithe a choimeádtar cuntas ar speansais. Gearrtar speansais ar an ráiteas faoi oibríochtaí seachas i gcás na speansas a tabhaíodh ar an éadáil infheistíochta, rud a chuirtear san áireamh i gcostas infheistíochtaí den sórt sin.

Gearrtar costais a bhaineann le bainistiú na gcistí aonadaithe ar ghlanghnóthachain réadaithe agus ar an athrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015 (AR LEAN)

#### 3. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS

##### 3.1 Táillí Cúirte

Tá go leor de thairbhíthe na gcistí cúirte ar na daoine is leochailí sa tsochaí, mar shampla daoine ar Coimircithe Cúirte iad, agus daoine eile ar Mionaoisigh faoi bhun 18 mbliana d'aois iad. Ceanglaíonn an fhreagracht dhlíthiúil a fheidhmíonn na cúirteanna go ndéanfar bainistíocht chúí ar na cistí agus sócmhainní eile a shealbhaítear ar iontaobhas thar ceann agus chun sochair na dtairbhíthe. D'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann an tSeirbhís Chúirteanna a freagracht as tacaíocht a thabhairt do na cúirteanna agus do na breithiúna i ndáil leis na Cistí sin, is gá go mbíonn acmhainní agus córais iomchuí i bhfeidhm chun na Cistí sin a bhainistiú. Áirítear leo sin freisin úsáid acmhainní seachtracha, mar shampla Comhairleoirí Infheistíochta, Iniúchóirí agus Bainisteoirí Infheistíochta. Gearrtar táillí agus muirir eile mar ranniocaíocht i dtreo chostais na n-oibríochtaí sin ar na hidirbhearta éagsúla a bhaineann le bainistiú na gCistí Cúirte. Tá na muirir sin mar chuid d'Orduithe Táillí na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte agus is é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fhorghéasann iad.

Gearradh táillí arbh fhiú €1.87 milliún iad de bharr idirbheart a phróiseáil Oifig an Chuntasóra sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 (2014: €1.923 milliún). Chomh maith leis na táillí sin, gearradh €154,156 i ndáil le céatadáin chúirte ar chistí a bhí á sealbhú thar ceann Coimircithe Cúirte (2014: €170,306). Is ionann na táillí sin agus 0.13% de na cistí iomlána.

##### 3.2 Táillí Bainistithe Infheistíochtaí, Táillí Taisceánaigh agus Táillí Riaracháin SSGA

Nuair a cuireadh tús leis na straitéisí infheistíochta nua an 9 Deireadh Fómhair 2013, rinneadh comhaontú faoi scála táillí bainistithe infheistíochtaí, táillí taisceánaigh agus táillí riaracháin le State Street Global Advisors, na Bainisteoirí Infheistíochta, agus ionchorpraíodh iad sa Chomhaontú Bainistíochta Infheistíochta a síníodh an 7 Deireadh Fómhair 2013. Déantar na táillí uile a ríomh agus a fhabhrú ar bhonn seachtainiúil agus íoctar iad go díreach ó gach Punann ar bhonn míosúil. Clúdaíonn an táille uilechuimsitheach gach táille réasúnach a bhaineann leis an gciste laistigh den Chiste Speictrim agus den Mháistirchiste (a chuimsíonn cistí nach Cistí SSGA iad), lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh: táillí iontaobhaithe/Muiníneacha, táillí riaracháin, táillí idirbhirt, Táillí Dlí agus táillí Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta.

B'ionann agus €2,351,147 na táillí bainistithe agus neamhbhainistithe infheistíochta a gearradh ar na Cistí Cúirte go léir a infheistíodh i gCistí Speictrim SSGA le linn na tréimhse faoi athbhreithniú.

4. INFHEISTÍOCHTAÍ	30/9/2015	30/9/2014
	€	€
Cistí aonadaithe SSGA	1,444,652,041	1,357,804,465
Cistí bainistithe	3,591,378	4,394,865
Gnáthscaireanna	3,087,329	2,909,380
Bannaí rialtais	155,266	617,162
Cuntais taisce	48,000,673	74,623,286
Teastais Choigiltis An Post	37,440	37,440
Polasaithe árachais	526,343	529,257
	<hr/>	<hr/>
Punann Infheistíochtaí	1,500,050,470	1,440,915,855
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>



**OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015 (AR LEAN)**

<b>5. FÉICHIÚNAITHE</b>	30/9/2015 €	30/9/2014 €
Suimeanna dáfa ag cúirt agus nach bhfuarthas go fóill	18,998,879	19,868,927
Ioncam Fabhraithe	36,110	139,054
	<u>19,034,989</u>	<u>20,007,981</u>
<p>Áirítear le hioncam fabhraithe ús fabhraithe ar chuntais taisece a bhí sealbhaithe ag deireadh mhí Mheán Fómhair sna blianta 2014 agus 2015 agus a taifeadh de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo.</p>		
<b>6. BANC</b>	30/9/2015 €	30/9/2014 €
Airgead tirim sa bhanc	15,504,541	13,153,958
	<u>15,504,541</u>	<u>13,153,958</u>
<b>7. CREIDIÚNAITHE</b>	30/9/2015 €	30/9/2014 €
Cáin Scoir Iníoctha (Féach Nóta 10)	(898,652)	(1,170,051)
	<u>(898,652)</u>	<u>(1,170,051)</u>
<b>8. CISTÍ ARNA SEALBHÚ AR SON TAIRBHITHE</b>	30/9/2015 €	30/9/2014 €
Suimeanna arna sealbhú ar son coimircithe cúirte	1,053,536,799	949,958,793
Suimeanna arna sealbhú ar son mionaoiseach	281,429,362	276,872,051
Suimeanna arna sealbhú ar feitheamh tuilleadh cásanna ordaithe	85,753,541	111,554,718
Suimeanna arna sealbhú do thiomnachtaí carthanachta	2,497,012	2,370,585
Suimeanna arna sealbhú do thaiscí leis an gcosaint	14,446,110	11,605,419
Eile (féach an nóta thíos)	96,028,524	120,546,177
	<u>1,533,691,348</u>	<u>1,472,907,743</u>

San áireamh in Eile, tá suim €38,874,707 (2014: €66,045,158), i ndáil le ciste amháin ar a dtugtar an "Ciste Cúitimh Árachais" a bunaíodh faoin Acht Árachais, 1964, chun freastal ar dhliteanais áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha, d'fhonn go gcuirfeadh an tAire Airgeadais deontas agus iasachtaí ar fáil agus chun ranníocaíochtaí leis an gciste a fháil ó árachóirí.

## 9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

Gníomhaíonn State Street Global Advisors Ireland Limited (“SSGA”) mar Bhainisteoir Infheistíochta don Iontaobhas de bhun an Chomhaontaithe Bainistíochta Infheistíochta.

Infheistíonn fochistí Iontaobhas Aonad Speictrim SSGA a sócmhainní uile, beagnach, i gceann amháin nó i meascán d’fhochistí Cistí Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSGA atá liostaithe thíos.

- Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA
- Ciste Euribor Plus GRU SSGA
- Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA
- Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Euro GRU SSGA
- Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSGA

Infheistíonn Ciste Fáis Speictrim SSGA cuid dá shócmhainní i gcistí eile.

Agus iad ag saothrú na gcuspóirí agus na mbeartas infheistíochta, tá na Cistí neamhchosanta ar rioscaí éagsúla airgeadais go díreach nó trí na fochistí in Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSGA nó trí Chistí eile a n-infheistíonn siad iontu: riosca margaidh (lena n-áirítear riosca maidir le praghas an mhargaidh, riosca rátaí úis agus riosca airgeadra), riosca creidmheasa agus riosca leachtachta trína bhféadfaí glansócmhainní na gCistí a laghdú.

Is iad seo a leanas na rioscaí agus cur chuige an Bhainisteora Infheistíochta maidir le bainistíocht na rioscaí:

### Riosca Margaidh

#### (a) Riosca maidir le praghas an mhargaidh

Is éard atá i riosca maidir le praghas an mhargaidh ná an riosca go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraim airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh.

D’infheistigh Ciste Airgid Thirim Speictrim State Street a shócmhainní uile, beagnach, i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSGA agus, dá bhrí sin, fágadh é gan chosaint ar na rioscaí margaidh céanna ar fágadh Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA gan chosaint orthu.

D’infheistigh Ciste Speictrim Euribor Plus State Street a shócmhainní uile, beagnach, i gCiste Euribor Plus GRU SSGA agus, dá bhrí sin, fágadh é gan chosaint ar na rioscaí margaidh céanna ar fágadh Ciste Euribor Plus GRU SSGA gan chosaint orthu.

Rinne Airgead Tirim agus Banna Gearrthéarmach Speictrim State Street, Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSGA, Ciste Éagsúlaithe Speictrim State Street agus Ciste Fáis Speictrim State Street, rinne siad raon cistí a infheistiú, ar cistí rianaithe innéacs iad roinnt díobh, agus tá a leochailí atá siad i leith riosca maidir le praghas an mhargaidh curtha in iúl sa tábla thíos.

Infheistíonn Ciste Fáis Speictrim State Street i raon cistí a éagsúlaítear thar aicmí sócmhainní agus réigiúin. Maolaíonn an Bainisteoir Infheistíochta an riosca maidir le praghas an mhargaidh laistigh de Chiste Fáis Speictrim SSGA trí chloí leis na srianta infheistíochta agus leis na teorainneacha comhchruinnithe atá leagtha amach i Réamheolaire forlíontach an Chiste.

Is éard atá i riosca maidir le praghas an mhargaidh ná an riosca go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraim airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015 (AR LEAN)

#### 9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

##### Riosca Margaidh (ar lean)

##### (a) Riosca maidir le praghas an mhargaidh (ar lean)

Míníonn an anailís seo a leanas an tionchar a bheadh ag gluaiseacht 20% san innéacs tagarmhairc ábhartha (arna ríomh in euro) an 30 Meán Fómhair 2015 agus an 30 Meán Fómhair 2014 ar leibhéal fhochistí lontaobhas Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSGA ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí aonad infhuascailte na gCisté éagsúla dá bhfanadh gach athróg eile mar a bhí.

Ciste	Innéacs tagarmhairc	Athrú mar % ar ghlansócmhainní an Chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2015	Athrú mar % ar ghlansócmhainní an Chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2014
Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Euro GRU SSGA	Innéacs FTSE don Domhan Forbartha - an Limistéar Euro	19.99%	19.80%
Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSGA	Innéacs FTSE don Domhan Forbartha ex Eurobloc	19.94%	19.80%
Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA	Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi	19.97%	20.60%
Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA	Innéacs Euro 3 Mhí LIBID Merrill Lynch	3.21%	2.80%
Ciste Euribor Plus GRU SSGA	Innéacs 3 Mhí Euribor an BBA	4.2%	N/B*

\* Seoladh Ciste Euribor Plus GRU SSGA an 18 Iúil 2014 agus, mar thoradh ar a stair theoranta fáltas, d'fhéadfadh aon mheastachán maidir lena íogaireacht fáltas i leith a thagarmhairc faoi seach bheith míthreorach amhail an 30 Meán Fómhair 2014.

Mar shampla, dá dtiocfadh méadú 20% i dtéarmaí euro ar Innéacs FTSE don Domhan Forbartha - an Limistéar Euro amhail an 30 Meán Fómhair 2015, agus dá bhfanadh gach athróg eile mar a bhí, léirítear san anailís thuas go gcuirfeadh sé sin méadú 19.99% ar na glansócmhainní a bheadh inchurtha i leith shealbhóirí aonad infhuascailte Chiste Gnáthscaireanna Innéacs Euro GRU SSGA (2014: 19.80%).

Os a choinne sin, dá dtiocfadh laghdú 20% i dtéarmaí euro ar Innéacs FTSE don Domhan Forbartha - an Limistéar Euro, agus dá bhfanadh gach athróg eile mar a bhí, chuirfeadh sé sin laghdú 19.99% ar na glansócmhainní a bheadh inchurtha i leith shealbhóirí aonad infhuascailte Chiste Gnáthscaireanna Innéacs Euro GRU SSGA (2014: 19.80%).

**9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)**

**Riosca Margaidh (ar lean)**

**(b) Riosca airgeadra**

Is éard atá i riosca airgeadra ná an riosca go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraim airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí.

Is é Ciste Fáis Speictrim State Street an t-aon Chiste amháin nach n-infheistíonn go heisiach i gcistí ainmnithe in euro agus, dá bhrí sin, níl sé neamhchosanta go díreach ar riosca airgeadra.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, tá roinnt de na Cistí neamhchosanta go hindíreach ar rioscaí airgeadra na mbunchistí a n-infheistíonn siad iontu.

Go háirithe, ag deireadh na bliana d'infheistigh Ciste Fáis Speictrim State Street i gcistí atá neamhchosanta ar airgeadraí seachas an euro. Chomh maith leis sin, d'infheistigh Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim State Street agus Ciste Éagsúlaithe Speictrim State Street i gCiste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSGA. Tá gach ceann de na sócmhainní agus de na dlíteanais agus an t-ioncam ar fad de chuid Chiste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSGA ainmnithe in airgeadraí eile seachas an euro, arb é airgeadra feidhmiúil na gCistí é. Is iad na hairgeadraí suntasacha Dollar na Stát Aontaithe, Punt na Breataine, Yen na Seapáine, Dollar Cheanada, Dollar na hAstráile agus Franc na hEilvéise. Tá sé neamhchosanta dá bhrí sin ar riosca airgeadra óir beidh luach na n-urrús ainmnithe in airgeadraí eile ag luainiú de bharr athruithe i rátaí malairte. Aistrítear ioncam atá ainmnithe in airgeadra eachtrach go euro nuair a fhaightear é. Aistrítear na hidirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go hairgeadra feidhmiúil an Chiste de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Aistrítear sócmhainní agus dlíteanais go hairgeadra feidhmiúil an Chiste de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta dheireadh na bliana.

Níl Ciste Speictrim Euribor Plus State Street, Ciste Airgid Thirim Speictrim State Street agus Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim State Street neamhchosanta ar aon rioscaí airgeadra eachtraigh mar gur ainmníodh sócmhainní agus dlíteanais na gcistí a n-infheistíonn siad iontu in euro, airgeadra feidhmiúil na gCistí.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht rialta ar an neamhchosaint airgeadra chun a chinntiú go bhfanfaidh sí laistigh de raon inghlactha.

Ní dhearnadh aon athrú ábhartha le linn na bliana ar bheartais ná ar phróisis na gCistí chun rioscaí airgeadra a bhainistiú ná ar na modhanna a úsáidtear chun rioscaí a thomhas.

**(c) Riosca ráta úis**

Is iad na sócmhainní agus dlíteanais airgeadais úsmhara atá ag Ciste a chuireann sé faoi réir an riosca atá ag luaineachtaí i leibhéil rátaí úis an mhargaidh atá i bhfeidhm ar a staid airgeadais agus ar a sreafaí airgid.

Tá na Cistí neamhchosanta go díreach ar riosca ráta úis trína sealúchais airgid thirim agus tá siad neamhchosanta go hindíreach ar rioscaí rátaí úis trí roinnt de na scéimeanna comhinfeistíochta a n-infheistíonn siad iontu.

Is amhlaidh an scéal sin go háirithe do Chiste Speictrim Euribor Plus State Street agus do Chiste Airgid Thirim Speictrim State Street, ar cistí iad atá neamhchosanta ar na rioscaí úis céanna a bhfuil Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA agus Ciste Euribor Plus GRU SSGA neamhchosanta orthu.

Tá Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim State Street, Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim State Street agus Ciste Éagsúlaithe Speictrim State Street neamhchosanta ar na rioscaí ráta úis céanna a bhfuil Ciste Euribor Plus GRU SSGA agus Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA neamhchosanta orthu i gcomhréir lena leithdháileadh.

**9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)**

**Riosca Margaidh (ar lean)**

**(c) Riosca ráta úis (ar lean)**

Sealbhaíonn Ciste Euribor Plus GRU SSGA agus Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA sócmhainní agus dlíteanais úsmhara a chuireann iad faoi réir an riosca atá ag luaineachtaí i leibhéal rátaí úis an mhargaidh atá i bhfeidhm ar a staid airgeadais agus ar a sreafaí airgid.

Is é cuspóir infheistíochta Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA ná feidhmíocht Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain Citi EMU a leanúint chomh dlúth agus is féidir le réasún. Dá bhrí sin, infheistíochtaí an Bainisteoir Infheistíochta in infheistíochtaí den sórt sin, rud a chinnteoidh go leanfaidh feidhmíocht an Chiste feidhmíocht an bhuninnéacs chomh dlúth agus is féidir le réasún. Ní dhéanann sé aon iarracht an neamhchosaint ar riosca ráta úis a bhainistiú laistigh den Chiste.

Is go páirteach a bhainistítear an riosca ráta úis a bhaineann le Ciste Euribor Plus GRU SSGA agus le Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA le próiseas roghnaithe infheistíochta an Bhainisteora Infheistíochta lena n-áirítear réamh-mheastacháin maidir le teagmhais amach anseo agus an tionchar a bheidh acu ar rátaí úis, ar éagsúlú agus ar an bhfad a mhairfidh siad. I gcomhréir le beartas an Chiste, déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht gach lá ar íogaireacht fhoriomlán an Chiste ó thaobh cúrsaí úis de.

Ní shealbhaíonn Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Euro GRU SSGA ná Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSGA urrúis úsmhara agus, dá bhrí sin, ní thagann aon neamhchosaint ar riosca ráta úis aníos i leith na gCistí sin.

Ní dhearnadh aon athrú ábhartha ó dheireadh na bliana roimhe ar bheartais ná ar phróisis na gCistí chun rioscaí ráta úis a bhainistiú ná ar na modhanna a úsáidtear chun rioscaí a thomhas.

**(d) Riosca creidmheasa**

Is éard is riosca creidmheasa ann ná an riosca nach mbeidh contrapháirtí nó eisitheoir in ann na suimeanna iomlána a íoc nuair a bheidh siad dlite.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, tá Cistí neamhchosanta go hindíreach ar na rioscaí creidmheasa céanna is atá na cistí a n-infheistíonn siad iontu.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí beagnach gach sócmhainn de chuid Chiste Airgid Thirim Speictrim State Street infheistithe i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSGA agus, dá bhrí sin, bhí siad neamhchosanta ar na rioscaí creidmheasa céanna a raibh Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA neamhchosanta orthu agus bhí gach sócmhainn de chuid Chiste Speictrim Euribor Plus GRU SSGA infheistithe i gCiste Euribor Plus GRU SSGA.

Déanann Deasc Mhargaidh Airgid SSGA agus Foireann Géilliúlachta Punainne an Chomhairleora Infheistíochta monatóireacht ar an rátáil chreidmheasa reatha gach lá maidir le gach suíomh laistigh de na Cistí lena chinntiú go leanann an Ciste ar aghaidh ag comhlíonadh na srianta agus na riachtanas maidir le rátáil chreidmheasa an Chiste a bhfuil cuntas orthu i ndoiciméid an Chiste.

Cinntíonn Deasc Mhargaidh Airgid SSGA agus Foireann Géilliúlachta Punainne an Bhainisteora Infheistíochta freisin go bhfuil éagsúlú oiriúnach infheistíochtaí ann agus nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015 (AR LEAN)

#### 9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

##### Riosca Margaidh (ar lean)

##### (d) Riosca creidmheasa (ar lean)

Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, infheistíonn Ciste Speictrim Euribor Plus State Street agus Ciste Airgid Thirim Speictrim State Street a sócmhainní uile, beagnach, i gCiste Euribor Plus GRU SSGA agus i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSGA faoi seach. Tá Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim State Street, Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim State Street agus Ciste Éagsúlaithe Speictrim State Street neamhchosanta ar na rioscaí contrapháirtí céanna a bhfuil Ciste Euribor Plus GRU SSGA agus Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA neamhchosanta orthu i gcomhréir lena leithdháileadh. Ina theannta sin, tá Ciste Éagsúlaithe Speictrim State Street neamhchosanta ar Chiste Airgid Thirim Euro GRU SSGA. I gcás Chiste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA, cinntíonn an Bainisteoir Infheistíochta freisin go bhfuil éagsúlú oiriúnach infheistíochtaí ann agus nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith, agus díríonn sé freisin ar chuspóir lárnach an Chiste, is é sin, feidhmíocht a thagarmharc a leanúint chomh dlúth agus is féidir le réasún.

Tá urrúis úsmhara ag Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA, ag Ciste Euribor Plus GRU SSGA agus ag Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA, lenar ghabh an neamhchosaint chreidmheasa seo a leanas amhail an 30 Meán Fómhair 2015 agus an 30 Meán Fómhair 2014.

Ainm an chiste	Amhail an 30 Meán Fómhair 2015		Amhail an 30 Meán Fómhair 2014	
	Grád infheistíochta	Grád neamhinfeistíochta	Grád infheistíochta	Grád neamhinfeistíochta
Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA	100%	-	100%	-
Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSGA	100%	-	100%	-
Ciste Euribor Plus GRU SSGA*	100%	-	100%	-

\* Seoladh Ciste Euribor Plus GRU SSGA an 18 Iúil 2014.

Áirítear iad seo a leanas le neamhchosaint chreidmheasa na gCistí freisin:

- an riosca go gcaillfear an t-airgead tirim a bhí á shealbhú le The Northern Trust Company, Londain, ar an dáta tuairiscithe; agus
- an riosca nach n-íocfaidh na bróicéirí as na hurrúis a fuarthas ó na Cistí, nó nach gcuirfidh siad na hurrúis ar fáil ar íoc na Cistí astu.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, tá na sócmhainní airgid thirim uile, beagnach, á sealbhú le The Northern Trust Company (NTC), Londain. I gcás airgid thirim a chuirtear i dtaisce leis an NTC, cuirtear i dtaisce baincéara é agus coinnítear ar Chlár Comhordaithe na cuideachta. De réir an ghnáthchleachtais bhaincéireachta, mar sin, beidh an NTC ina fhéichiúnaí i leith na gCistí maidir le taiscí airgid thirim den sórt sin agus beidh na Cistí rangaithe mar chreidiúnaí ginearálta de chuid an NTC. Tá na sócmhainní airgeadais á sealbhú leis an Taisce, Northern Trust Fiduciary Services (Ireland) Limited. Tá na sócmhainní sin á sealbhú ar leithligh ó shócmhainní dílsithe na Taisce. Taifeadtar urrúis go soiléir chun a chinntiú go mbeidh siad á sealbhú thar ceann na gCistí. Má éiríonn an Taisce nó duine dá ghníomhairí nó dá chleamhnaithe bancbhriste nó dócmhainneach, is féidir go gcuirfear moill ar chearta na gCistí maidir leis na hurrúis atá á sealbhú ag an Taisce.

**9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)**

**Riosca Margaidh (ar lean)**

**(d) Riosca creidmheasa (ar lean)**

Is cuideachtaí faoi lánúinéireacht ag Northern Trust Corporation iad Northern Trust Fiduciary Services (Ireland) Limited agus an NTC araon. Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí rátáil fhadtéarmach A+ ó Standard & Poor's ag Northern Trust Corporation (2014: State Street Corporation, máthairchuideachta State Street Custodial Services (Ireland) Limited: A+).

Bainistítear riosca trí mhonatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht chreidmheasa agus ar staid airgeadais na Taisce a mbaineann na Cistí úsáid aisti.

Gníomhaíonn Northern Trust mar fhothaisceánach dá ghnó féin sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn agus i gCeanada. I ngach margadh eile, ceapann Northern Trust fothaisceánach áitiúil. Déanann Northern Trust athbhreithniú leanúnach ar a líonra fothaisceánach chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag a chuid cliant ar an soláthraí is éifeachtúla, is inchairde agus is costéifeachtaí i ngach margadh. Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, ní raibh aon phoist á gcoinneáil lasmuigh de líonra taisceánach Northern Trust.

Is gá gach bróicéir a cheadú sula bhféadfaidh Bainisteoir Infheistíochta na gCistí déileáil leo. Is íseal atá an riosca mainneachtana i measc bróicéirí, toisc nach soláthrófar na hurrúis arna ndíol ach amháin tar éis don bhróicéir íocaíocht a fháil ina leith agus toisc nach ndéanfar íocaíocht i leith ceannaigh ach amháin tar éis don bhróicéir na hurrúis a fháil.

Agus úsáid á baint as bróicéirí ceadaithe amháin, is ar a soláthar a íoctar as gach idirbheart in urrúis liostaithe agus i scéimeanna comhinfeistíochta a thrádáiltear ar an stocmhalartán. I gcás idirbheart i scéimeanna comhinfeistíochta nach dtrádáiltear ar an stocmhalartán, cuirtear iad i gcrích tríd an gníomhaire neamhspleách aistrihe don scéim comhinfeistíochta sin.

**(e) Riosca leachtachta**

Is éard atá i riosca leachtachta ná an baol go mbeidh deacracht ag aonán a dhualgais a bhaineann le dliteanais airgeadais a chomhlíonadh. Socraítear na dliteanais sin trí airgead tirim nó shócmhainní airgeadais eile a sheachadadh.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, tá Cistí neamhchosanta go hindíreach ar na rioscaí leachtachta céanna is atá na Cistí a n-infheistíonn siad iontu.

Infheistíonn na bunchistí a sócmhainní in infheistíochtaí a thrádáiltear i margadh gníomhach agus is féidir iad a dhiúscairt go réidh.

Tá na Cistí neamhchosanta ar dhéileáil sheachtainiúil agus infheistíonn siad i gcistí atá neamhchosanta ar dhéileáil sheachtainiúil, seachas Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSGA a thairgeann déileáil laethúil. Tá fuascailt a dhéantar ar aonaid infhuascailte i gCistí agus i gCistí a n-infheistíonn siad iontu iníoctha laistigh de 3 lá gnó ón lá déileála sin ar a ndéantar an fhuascailt. Ina theannta sin, sealbhaíonn Ciste Fáis Speictrim State Street Cistí a Thrádáiltear ar an Stocmhalartán, nithe is féidir a thrádáil go héasca ar mhargaí gníomhacha.

Ar na cúiseanna sin, tá an Bainisteoir Infheistíochta tar éis measúnú a dhéanamh agus a dhearbhú gur beag atá an baol go mbeadh tionchar ag easpa leachtachta ar na Cistí.

Athbhreithníonn an Comhairleoir Infheistíochta staid leachtachta reatha agus tuartha na gCistí gach lá agus áirithíonn sé go ngintear aon airgead, de réir mar is cuí, atá riachtanach chun aon iarratas fuascailte a shásamh.

**OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015 (AR LEAN)**

<b>10. GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ</b>	30/9/2015 €	30/9/2014 €
Gnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	14,172,955	11,188,241
Lúide:		
Cáin scoir (i)	(5,223,196)	(4,016,169)
Tobhach frithchaolaithe agus coimisiún bróicéirí (ii)	(164,782)	(80,145)
	<hr/>	<hr/>
Glanghnóthachan réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	<u>8,784,977</u>	<u>7,091,927</u>

- (i) Leis an Acht Airgeadais 2003, tugtar údarás don tSeirbhís Chúirteanna asbhaintí a dhéanamh ag an bhfoinse agus cuntas a thabhairt as cánacha scoir a eascraíonn as diúscairt infheistíochtaí sna cistí aonadaithe a bhunaigh SSGA. Ríomhtar an cháin ag ráta 41% (2014: 41%) de réir an Achta Airgeadais 2015 agus tá sí iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- (ii) Is éard atá sa tobhach frithchaolaithe ná táillí a ghearrtar ar shuibscríbhinní agus ar fhuascailtí ó na cistí aonadaithe.

<b>11. GLANATHRÚ I nGNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ</b>	30/9/2015 €	30/9/2014 €
Athrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí le linn na bliana	14,372,891	61,042,197
Lúide:		
Táillí bainistithe infheistíochta (Nóta 3.2)	(1,523,067)	(1,350,776)
Táillí ilghnéitheacha ar chistí bainistithe (i)	(145,934)	(305,111)
Tobhach frithchaolaithe agus coimisiún bróicéirí (ii)	(828,080)	(389,761)
	<hr/>	<hr/>
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	<u>11,875,810</u>	<u>58,996,549</u>

- (i) Áirítear leis na táillí sin muirir idirbhirt, táillí iniúcháireachta, táillí cumhdach, táillí gairmiúla eile, táillí iontaobhaí agus ús bainc.
- (ii) Is éard atá sa tobhach frithchaolaithe ná táillí a ghearrtar ar shuibscríbhinní agus ar fhuascailtí ó na cistí aonadaithe.

<b>12. GLANCHAILLTEANAS A RÉADAÍODH AR AISTRÍÚ SÓCMHAINNÍ</b>	30/9/2015 €	30/9/2014 €
Glanchaillteanas ar aistrithe amach le linn na bliana	(6,507)	(1,642,374)
	<hr/>	<hr/>

D'eascair na glanchaillteanas sin as aistriú gnáthscaireanna a bhíodh á gcoimeád in ainm Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amach as coimeád na cúirte. Tugadh na gnáthscaireanna sin go léir isteach sa chúirt nuair a rinneadh Coimircí Cúirte de dhuine, agus taifeadh iad sna cuntais ag luach margaidh an ama sin. Is ionann an glanchaillteanas agus an glanlaghdú i luach na ngnáthscaireanna nuair a aistríodh iad amach as an gcúirt, faoi mar a ordaíodh le hordú cúirte. Níl sa ghlanchaillteanas dá dtagraítear ach cailteanas páipéir mar nár díoladh na gnáthscaireanna i ndáiríre.



## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015 (AR LEAN)

13. IONCAM INFHEISTÍOCHTA	30/9/2015 €	30/9/2014 €
Ús ar thaiscí	132,589	283,410
Díbhinní	64,014	57,093
Scaireanna in ionad díbhinní	8,015	6,968
Ús ar infheistíochtaí eile	14,069	16,137
Díol eisiúna de cheart	-	571
	<hr/>	<hr/>
	218,687	364,179
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Léirítear ioncam infheistíochta glan ar cháin shiarchoinneálach. Áirítear le hús taisce sna blianta 2015 agus 2014 ioncam ó ús fabhraithe taisce de réir na bprionsabal cuntasáíochta a bhfuil glacadh leo.

14. SPEANSAIS	30/9/2015 €	30/9/2014 €
Táillí cúirte (Nóta 3.1)	2,022,498	2,092,965
Muirir bhainc	63	65
	<hr/>	<hr/>
	2,022,561	2,093,030
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

### 15. IONCAM EILE

Is ionann ioncam eile agus ioncam ó bhlianachtaí, ó dhíol cearta céadrogha agus ó ús ar lóisteálacha déanacha i measc nithe eile.

### 16. TOMHAS LUACHA CHÓIR

Ghlac Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais an leasú a rinneadh ar Ionstraim Airgeadais FRS 29: Nochtadh. Éilíonn sé sin ar Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ionstraimí airgeadais a nochtadh ag baint úsáid as ordlathas luacha chóir a léiríonn suntasacht na n-ionchur a úsáideadh chun na tomhais a dhéanamh.

Is mar seo a leanas atá trí leibhéal ordlathais na luachanna córa:

- Praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní nó do dhliteanais chomhionanna (Leibhéal 1).
- Ionchuir seachas praghsanna luaite a áirítear le leibhéal 1 atá inbhraite i gcás na sócmhainne nó an dliteanais, bíodh sé go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin, díorthaithe ó phraghsanna) (Leibhéal 2).
- Ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite margaidh (is é sin, ionchuir dhobhraithe) (Leibhéal 3).

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015 (AR LEAN)

#### 16. TOMHAS LUACHA CHÓIR (AR LEAN)

Cinntítear an leibhéal in ordlathas na luachanna córa ina ndéantar an luach cóir a thomhas a chatagóiriú go huile agus go hiomlán ar bhonn ionchur an Leibhéil is ísle atá suntasach maidir leis an luach cóir a thomhas ina iomláine. Chun na críche sin, measúnaítear an tábhacht a bhaineann le hionchur i gcoinne thomhas an luacha chóir ina iomláine. Má úsáidtear ionchuir inbhraite a éilfionn coigeartú suntasach bunaithe ar ionchuir dhoibhrite chun luach cóir a thomhas, ní foláir nó gur tomhas Leibhéal 3 é an tomhas sin. Chun measúnú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le hionchur ar leith maidir le tomhas luacha chóir ina iomláine, bíonn breithiúnas ag teastáil, agus breithniú á dhéanamh ar thosca atá sonrach don tsócmhainn nó don dliteanas.

Beidh ar Bhainisteoir Infheistíochta SSGA breithiúnas a dhéanamh go cúramach le cinneadh a dhéanamh faoi cad é go díreach atá i gceist le “hinbhraite”. Measann an Bainisteoir Infheistíochta gurb ionann sonraí inbhraite agus sonraí margaidh atá ar fáil go héasca, a dháiltear nó a nuashonraítear go rialta, atá iontaofa agus infhíoraithe, nach sonraí príobháideacha ná dílsithe iad, agus go bhfuil siad curtha ar fáil ag foinsí neamhspleácha atá gníomhach sa mhargadh ábhartha.

Tá anailís sa tábla seo a leanas laistigh d'ordlathas luacha chóir Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ar na sócmhainní airgeadais agus dliteanais (de réir aicme) a tomhaiseadh ag luach cóir an 30 Meán Fómhair 2015:

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
	€	€	€	€
<b>Infheistíochtaí</b>				
- Cistí aonadaithe SSGA	-	1,444,652,041	-	1,444,652,041
- Cistí bainistithe	-	3,591,378	-	3,591,378
- Gnáthscaireanna	3,087,329	-	-	3,087,329
- Bannaí rialtais	155,266	-	-	155,266
- Cuntais taisce	48,000,673	-	-	48,000,673
- Teastais Choigiltis An Post	37,440	-	-	37,440
- Polasaithe árachais	-	-	526,343	526,343
<b>Iomlán</b>	<b>51,280,708</b>	<b>1,448,243,419</b>	<b>526,343</b>	<b>1,500,050,470</b>

Tá anailís sa tábla seo a leanas laistigh d'ordlathas luacha chóir Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ar na sócmhainní airgeadais agus dliteanais (de réir aicme) a tomhaiseadh ag luach cóir an 30 Meán Fómhair 2014

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
	€	€	€	€
<b>Infheistíochtaí</b>				
- Cistí aonadaithe SSGA	-	1,357,804,465	-	1,357,804,465
- Cistí bainistithe	-	4,394,865	-	4,394,865
- Gnáthscaireanna	2,909,380	-	-	2,909,380
- Bannaí rialtais	617,162	-	-	617,162
- Cuntais taisce	74,623,286	-	-	74,623,286
- Teastais Choigiltis An Post	37,440	-	-	37,440
- Polasaithe árachais	-	-	529,257	529,257
<b>Iomlán</b>	<b>78,187,268</b>	<b>1,362,199,330</b>	<b>529,257</b>	<b>1,440,915,855</b>

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015 (AR LEAN)

#### 16. TOMHAS LUACHA CHÓIR (AR LEAN)

Baineann infheistíochtaí Leibhéal 3 le hinfeistíochtaí i bpolasaithe árachais nach bhfuil luaite ar mhalartán nó nach bhfuil á dtrádáil go gníomhach. In éagmais aon fhaisnéise margaidh, rinne an Cuntasóir na hinfeistíochtaí a luacháil ar bhunús na luachanna a chuir an chuideachta árachais ar fáil. Creideann an Cuntasóir go bhfuil sé sin cóngarach don luach cóir agus nach ndéanfaí aon choigeartú ábhartha ar na ráitis airgeadais dá mba rud é go ndéanfaí aon choigeartú a bheadh riachtanach chun na hinfeistíochtaí a mheas ag luach cóir.

Sa tábla seo a leanas, tá réiteach na suimeanna don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 le haghaidh ionstraimí airgeadais atá aicmithe laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraim airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur dobhraite i dtomhas foriomlán an luacha chóir.

<b>Polasaithe árachais</b>	€
Iarmhéid tosaigh	529,257
Aistriú amach	(271,009)
Gluaiseacht i nglan-luachmhéadú neamhréadaithe	268,095
<b>Iarmhéid deiridh an 30 Meán Fómhair 2015</b>	<b>526,343</b>

Ní raibh aon aistrithe idir na leibhéil éagsúla sa bhliain.

Sa tábla seo a leanas, tá réiteach na suimeanna don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014 le haghaidh ionstraimí airgeadais atá aicmithe laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraim airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur dobhraite i dtomhas foriomlán an luacha chóir.

<b>Polasaithe árachais</b>	€
Iarmhéid tosaigh	683,281
Fáltais díolachán	(173,994)
Gluaiseacht i nglan-luachmhéadú neamhréadaithe	19,970
<b>Iarmhéid deiridh an 30 Meán Fómhair 2014</b>	<b>529,257</b>

Is ionann na glanghnóthachain/(glanchailteanais) neamhréadaithe a bhaineann le polasaithe árachais atá fós ar láimh amhail an 30 Meán Fómhair 2015 agus €133,694 (2014: (€134,401)).

#### 17. TEAGMHAIS TAR ÉIS AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Níorbh ann d'aon teagmhais ábhartha tar éis an chláir chomhardaithe a mbeadh sé riachtanach na figiúirí ar nochtadh sna ráitis airgeadais a leasú dá mbarr. Cuireadh fálú airgeadra chun feidhme don Chiste Fáis, le héifeacht ón 4 Samhain 2015.

#### 18. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais eisiúint na ráiteas airgeadais an 14 Márta 2016.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### FAISNÉIS FHORLÍONTACH

---

(NACH gCLÚDAÍTEAR I dTUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA)

**CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE****RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS  
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

	30/9/2015 €	30/09/2014 €
<b>SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA</b>		
Infheistíochtaí	1,359,563,072	1,310,638,919
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		
Féichiúnaithe	17,713,544	18,925,239
Banc	13,956,678	12,106,690
<b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA</b>	31,670,222	31,031,929
<b>DLITEANAIS REATHA</b>		
Creidiúnaithe	(835,742)	(1,101,693)
<b>IOMLÁN NA nDLITEANAS</b>	(835,742)	(1,101,693)
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>	30,834,480	29,930,236
<b>IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ</b>	1,390,397,552	1,340,569,155
<b>IONANNAITHE AG:</b>		
Cistí á sealbhú do thairbhithe ag deireadh na bliana	1,390,397,552	1,340,569,155

## CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE

### RÁITEAS FAOI OIBRÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

---

	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	8,409,590	6,740,207
Glanghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	11,815,815	57,563,692
Caillteanais a réadaíodh ar aistriú amach le linn na bliana	(6,507)	(1,642,374)
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>	<u>20,218,898</u>	<u>62,661,525</u>
Ioncam infheistíochta	218,430	363,297
	<u>20,437,328</u>	<u>63,024,822</u>
Speansais	(2,022,526)	(2,092,965)
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<u><u>18,414,802</u></u>	<u><u>60,931,857</u></u>

**CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE****RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>		
Ioncam infheistíochta lúide speansais	(1,804,096)	(1,729,668)
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	8,409,590	6,740,207
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	11,815,815	57,563,692
Cailteanais a réadaíodh ar aistriú amach le linn na bliana	(6,507)	(1,642,374)
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<b>18,414,802</b>	<b>60,931,857</b>
<b>IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>		
Fáltais	433,930,939	431,075,139
Eisíocaíochtaí	(402,517,344)	(329,645,829)
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>	<b>31,413,595</b>	<b>101,429,310</b>
Méadú i nGlansócmhainní	49,828,397	162,361,167
Glansócmhainní i dtús na bliana	1,340,569,155	1,178,207,988
<b>GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA</b>	<b>1,390,397,552</b>	<b>1,340,569,155</b>

## CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

### RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA</b>		
Infheistíochtaí	132,181,003	125,899,756
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		
Féichiúnaithe	1,018,108	924,394
Banc	1,477,774	976,377
<b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA</b>	2,495,882	1,900,771
<b>DLITEANAIS REATHA</b>		
Creidiúnaithe	(60,445)	(66,181)
<b>IOMLÁN NA nDLITEANAS</b>	(60,445)	(66,181)
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>	2,435,437	1,834,590
<b>IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ</b>	134,616,440	127,734,346
<b>IONANNAITHE AG:</b>		
Cistí á sealbhú do thairbhíthe ag deireadh na bliana	134,616,440	127,734,346



**CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA****RÁITEAS FAOI OIBRÍOCHTAÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

---

	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	366,844	340,209
Glanghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	67,189	1,364,676
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>	<u>434,033</u>	<u>1,704,885</u>
Ioncam infheistíochta	254	322
	<u>434,287</u>	<u>1,705,207</u>
Speansais	-	(65)
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<u>434,287</u>	<u>1,705,142</u>

## CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

### RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>		
Ioncam infheistíochta lúide speansais	254	257
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	366,844	340,209
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	67,189	1,364,676
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<b>434,287</b>	<b>1,705,142</b>
<b>IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>		
Fáltais	23,129,327	30,267,764
Eisiocaíochtaí	(16,681,520)	(15,650,230)
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>	<b>6,447,807</b>	<b>14,617,534</b>
Méadú i nGlansócmhainní	6,882,094	16,322,676
Glansócmhainní i dtús na bliana	127,734,346	111,411,670
<b>GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA</b>	<b>134,616,440</b>	<b>127,734,346</b>

## CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

### RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA</b>		
Infheistíochtaí	8,306,395	4,377,180
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		
Féichiúnaithe	303,337	158,348
Banc	70,089	70,891
<b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA</b>	<u>373,426</u>	<u>229,239</u>
<b>DLITEANAIS REATHA</b>		
Creidiúnaithe	(2,465)	(2,177)
<b>IOMLÁN NA nDLITEANAS</b>	<u>(2,465)</u>	<u>(2,177)</u>
<b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA</b>	<u>370,961</u>	<u>227,062</u>
<b>IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ</b>	<u>8,677,356</u>	<u>4,604,242</u>
<b>IONANNAITHE AG:</b>		
Cistí á sealbhú do thairbhíthe ag deireadh na bliana	<u>8,677,356</u>	<u>4,604,242</u>

## CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

### RÁITEAS FAOI OIBRÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

	30/9/2015 €	30/09/2014 €
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	8,543	11,511
Glanghluaiseacht i (cailteanais)/gnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(7,194)	68,181
<b>GLANGHNÓTHACHAIN/(GLANCHAILLTEANAIS) RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>	<u>1,349</u>	<u>79,692</u>
Ioncam infheistíochta	3	560
	<u>1,352</u>	<u>80,252</u>
Speansais	(35)	(0)
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<u>1,317</u>	<u>80,252</u>

## CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

### RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

	30/9/2015 €	30/9/2014 €
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>		
Ioncam infheistíochta lúide speansais	(32)	560
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	8,543	11,511
(Glanchailiteanais)/glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(7,194)	68,181
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<u>1,317</u>	<u>80,252</u>
<b>IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>		
Fáltais	4,670,592	1,002,098
Eisiocaíochtaí	(598,795)	(385,696)
<b>MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>	<u>4,071,797</u>	<u>616,402</u>
Méadú i nGlansócmhainní	4,073,114	696,654
Glansócmhainní i dtús na bliana	4,604,242	3,907,588
<b>GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA</b>	<u><u>8,677,356</u></u>	<u><u>4,604,242</u></u>





An tSeirbhís Chúirteanna  
Courts Service

**Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais**  
**An tSeirbhís Chúirteanna**  
**15 - 24 Sráid an Fhionn Uisce Thuaidh**  
**Margadh an Feirme**  
**Baile Átha Cliath 7**

**Teileafón +353 1 888 6211**  
**+353 1 888 6214**

**Greasáin [www.courts.ie](http://www.courts.ie)**